



TUARASCÁIL

chuig an

AIRE IOMPAIR

don bhliain dar críoch

31 NOLLAIG 2009

31 Márta 2010

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

3^ú hUrlár

Teach Alexandra

Ardán Phort an Iarla

Baile Átha Cliath 2

Teil +353 (0) 1-6611700, Facs +353 (0) 1-6611269

r-phost: info@aviationreg.ie

www.aviationreg.ie

CLÁR NA nÁBHAR

BROLLACH	3
RIALÚ PRAGHSANNA	7
CIONROINNT SEALANNA.....	21
CEADÚNÚ AERIOMPRÓIRÍ	29
CEADUITHE DO LÁIMSIÚ AR TALAMH	35
CEADÚNÚ DO THRÁDÁIL TAISTIL	39
CEARTA AERPHAISINÉIRÍ.....	49
DAOINE FAOI MHÍCHUMAS LUAINECHTA	57
FEIDHMEANNA RIARACHÁIN AGUS DLÍTHIÚLA	61
FAISNÉIS AIRGEADAIS.....	67

BROLLACH

Sna hearnálacha eitlíochta agus taistil, cuimhneofar ar 2009 mar bhliain de mhórchlaochlú gan fasach a bhain le hiarmhairt an choir chun donais eacnamaíoch. Tháinig laghdú de 19% ar an líon de ghluaiseachtaí aerthráchta isteach sna trí phríomh-aerfort agus amach astu le linn shéasúr an gheimhridh 2009, agus bhí líon na bpaisinéirí do 2009 ag aerfort Bhaile Átha Cliath ar ais go dtí leibhéal 2006. San earnáil taistil, laghdaigh líon na gceadúnas le 15%; loic 19 gcuideachta san earnáil agus rinneadh os cionn 4,600 éileamh ar aisíocaíocht dá bharr sin. Ba i gcoinne an chúlra d'athrú suntasach seo a chomhlíon an Coimisiún a róil rialaithe eacnamaíoch agus ceadúnaithe, agus, go sonrach caidhp praghais úr a rialaíonn muirir ag aerfort Bhaile Átha Cliath a shocrú do na blianta 2010-2014.

Tríú Cinneadh ar Chaidhp Praghais 2010-2014

Le linn 2009, d'oibrigh an Coimisiún ar a thríú athbhreithniú ar mhuirir (i ndiaidh athbreithnithe 2001 agus 2005) ag aerfort Bhaile Átha Cliath. Le haghaidh Chinneadh 2009, is dócha gurbh iad na dúshláin ba shuntasáí ná an dóigh le freagairt a thabhairt ar an titim neamhghnách mhór i dtrácht paisinéirí ag aerfort Bhaile Átha Cliath, agus cad iad na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an dara teirminéal maidir le caiteachas oibriúcháin ag aerfort Bhaile Átha Cliath. I ndiaidh dul i dteagmháil go suntasach le daoine ar suim leo an scéal, foilsíodh Cinneadh deiridh i mí na Nollag le tuarascáil a leagan amach an réasúnaíocht taobh thiar den Chinneadh; tá sé seo ar fáil ar www.aviationreg.ie. Forálann an Cinneadh do mhéadú bliantúil sa chaidhp praghais i ndáil leis na costais chaipitil agus oibriúcháin T2 i mbliain oibriúcháin iomlán de €2.33. Tá an Cinneadh úr ar an gcéad chinneadh ina bhfuil nasc follasach idir leibhéal na caidhpe praghais agus cáilíocht na seirbhísí a sholáthraítear ag aerfort Bhaile Átha Cliath. Ó Chinneadh an Choimisiúin rinne an comhinnéasc S agus P rátáil chreidmheasa ÚABÁC a uasghrádú ag lua na titime i dtrácht mar an phríomhchúis.

Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe Trádála Taistil an Choimisiúin

D'éisigh an Coimisiún 304 ceadúnas in 2009, laghdú ó 356 an bhliain roimhe sin. Diúltaíodh ceadúnas d'iarthóir amháin de bharr nár bhain sé

na coinníollacha a bhaineann le ceadúnas a fháil amach. Rinne an chuideachta seo achomharc chuig an Ard-Chúirt i gcoinne an chinnidh ar dtús agus thionscain sí Athbhreithniú Breithiúnach chomh maith sula ndeachaigh sí faoi leachtú.

Dhún naoi ngnóthas déag a ghlac páirt sa scéim faoi bhanna don trádáil taistil arna oibriú ag an gCoimisiún in 2009 ach, éagsúil ó 2008, ní raibh ar an gCoimisiún paisinéirí ar bith ar cuireadh isteach orthu a thabhairt na bhaile de bharr gnóthais ar bith a dúnadh. Ina dhiaidh sin, fuair an Coimisiún os cionn 4,600 éileamh le haghaidh cúiteamh airgeadais; shroich níos mó ná ceathrú de na héilimh seo an Coimisiún sa mí dheireanach de 2009. Ba ionann costais na n-éileamh seo agus beagnach €3.5 milliún. Táthar ag súil go ndéanfar tromlach an chostais a íoc trí bhannaí a éilítear ar chuideachtaí taistil ceadúnaithe iad a bheith acu, le Ciste Cosanta Taistealaithe (CCT), a bunaíodh le cistí a chur ar fáil áit nár leor banna, agus soláthraíonn sé seo an difear ansin. Tá laghdú suntasach tagtha ar mhéid an CCT, atá laghdaithe ó os cionn €7.5 milliún in 2007 go dtí faoi €6 milliún ag deireadh 2009. Mhol an Coimisiún don Roinn Iompair, má leanfar den cheadúnú um thrádáil taistil agus an scéim faoi bhanna, mar atá sé ag oibriú faoi láthair, go mbeadh gá leis an CCT a shlánú ar bhealach atá le socrú fós. Forbraíodh an CCT reatha, arna bhainistiú ag an Roinn Airgeadais, trí thobhach a gearradh ar thionscnóirí turas idir 1980 agus 1983.

Cumasc an Choimisiúin leis an NTA agus ceisteanna eagrúcháin eile

Cosúil le gach eagraíocht eile in Éirinn, d'oibrigh an Coimisiún i dtimpeallacht an-difriúil ón gceann a bhí ann roimh an gcor chun donais eacnamaíoch. Dá réir sin, fágadh ár mbuiséad go mór gan athrú ó 2008 agus do 2010 tá buiséad déanta ag an gCoimisiún le haghaidh laghdaithe de 10% ina chostais. I gcomhthéacs atheagrú na gníomhaireachta, d'fhógair an Rialtas i mí Mheán Fómhair seo caite go ndéanfar an Coimisiún a chomhcheangal leis an Údarás Iompair Náisiúnta (ÚIN).

Dá pháirt, tá an Coimisiún ag iarraidh na húsáide is fearr a bhaint as a acmhainní féin. Creidimid go bhfuil scóip ann lenár ról a atheagrú ar bhealaí a chuirfeadh feabhas ar sheirbhísí don phobal laistigh de bhuiséad faoi leith. Maidir leis sin, bhraith an Coimisiún trácht an tascfhórsa ar an tseirbhís phoiblí sa tuarascáil i mí na Samhna 2008, go bhfuil "gá le measúnú rialta le cinnidh a chumasú le deireadh a chur le gníomhaíochtaí (gníomhaireachta) nach gcruthaíonn luach poiblí níos mó...nó áit a bhfuil tosaíocht na gníomhaíochta níos ísle anois agus go dteastaíonn na

hacmhainní a úsáidtear do réimse tosaíochta níos airde” (leathanach 39). Creideann an Coimisiún, agus mhol siad don Roinn Iompair, go bhféadfaí roinnt dá ról reatha sa réimse um cheaduithe do láimhsiú ar an talamh agus rochtain ar tháillí suiteála a scor nó iad a athmhúnlú gan cosaint tomhaltóirí a chailliúint. Ina theannta sin, ba chóir go soláthródh pleananna an Choimisiúin Eorpaigh le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Saoirí Láneagraithe deis leis an gcóras um cheadúnú do thrádáil taistil a athbhreithniú, ag cur chomhairle an Choimisiúin don Aire in 2008 san áireamh chomh maith.

Le gníomhaíocht chomhaontaithe sna réimsí seo – a bhfuil an chuid is mó dóibh lasmuigh de smacht an Choimisiúin – bheifí ábalta acmhainní a athdháileadh ar na gníomhaíochtaí sin a thugann an leas is mó do mhuintir na hÉireann

Ó pheirspictíocht tomhaltóirí de, chuir an Coimisiún a ról úr i bhfeidhm maidir le paisinéirí atá faoi mhíchumais agus faoi mhíchumas luaineachta (PML) in 2009. Scrúdaíodh gach aerfort Éireannach le haghaidh reachtaíocht PML agus i mí Lúnasa d’fhaomh an Coimisiún muirear de 33 ceint ag aerfort Bhaile Átha Cliath le haghaidh seirbhísí PML.

Braitheann gníomhaireacht seirbhíse poiblí cosúil leis an gCoimisiún ar a fhoireann do gach cuid dá gcuid oibre. Glacaim an deis seo le buíochas a ghabháil le gach duine de mo chuid comhghleacaithe. – iad siúd a eisíonn ceadúnais, a choimeádann cuntais, a shocraíonn caidhpeanna praghais, a chosnaíonn caighne Cúirte, a láimhsíonn gearáin phaisinéirí, a fhreagraíonn fiosruithe, a thugann ríomhchórais isteach, nó a phróiseálann éilimh – as a n-obair chrua agus as a dtiomantas in 2009.

Tá an rannpháirtíocht an phobail agus daoine ar suim leo an scéal ríthábhachtach d’obair an Choimisiúin chomh maith. Tá mé buíoch mar sin do na heagraíochtaí agus do na daoine in eitleocht na hÉireann lenar n-oibreamar in 2009 agus go háirithe dóibh siúd a bhí i dteagmháil go cuimsitheach linn le linn an athbhreithnithe ar na muirir ag aerfort Bhaile Átha Cliath.



Cathal Guimard

Coimisinéir

RIALÚ PRAGHSANNA

Ról an Choimisiúin

An méid a dhéanann an Coimisiún:

- caidhp praghais a shocrú a chuireann teorainn ar an ioncam iomlán in aghaidh an phaisinéara is féidir leis an ÚABÁC a bhailiú ó mhuirir aerfoirt ag aerfort Bhaile Átha Cliath;
- caidhp praghais a shocrú a chuireann teorainn ar an ioncam iomlán in aghaidh an tona den uasmheáchan éirí (MTOW) is féidir leis an ÚEE a bhailiú ó mhuirir seirbhísí teirminéil ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne;
- caithfidh sé muirir a ghearrann aerfoirt ar airlínte le seirbhísí i ndáil le paisinéirí le míchumas luaineachta a fhaomhadh; agus
- caithfidh sé athruithe ar bith ar na táillí a ghearrann na húdaráis aerfoirt ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne maidir le rochtain ar na suiteálacha a theastaíonn le seirbhísí láimhsithe ar talamh a sholáthar a fhaomhadh.

Níl cumhacht ar bith ag an gCoimisiún le muirir eile a rialú, lena n-áirítear:

- muirir charrchlós ag aerfoirt, agus go ginearálta muirir neamh-aerloingseoireachta (ach amháin na cinn a ghearrtar maidir le rochtain ar na suiteálacha a theastaíonn le seirbhísí láimhsithe ar talamh ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne;
- na muirir aerthrachta faoi bhealach a shocraíonn an ÚEE; agus
- muirir ag aerfoirt Chnoc Mhuire, Chiarraí, na Gaillimhe, Phort Láirge, Dhún na nGall agus Shligigh.

Muirir Aerfoirt

Ba é an príomhthasc i ndáil le rialú praghsanna a bhí ag an gCoimisiún in 2009 ná Cinneadh úr a dhéanamh a rialaíonn uasleibhéal na muirear aerfoirt is féidir leis an ÚABÁC a ghearradh ag aerfort Bhaile Átha Cliath. I mí na Nollag d'fhoilsigh an Coimisiún a Chinneadh, ag socrú na gcaidhpeanna praghais bliantúla a bheidh i bhfeidhm don tréimhse 2010 go 2014. Tháirg an Coimisiún dréacht-Chinneadh agus Cinneadh deiridh araon in 2009; tá na tuarascálacha, os cionn 100 leathanach sa dá

cheann, ar fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin mar aon le cóipeanna de na samplaí scarbhileoige a d'úsáid an Coimisiún le cuidiú leis ríomhanna riachtanacha a dhéanamh. Faoi mar a bhí i gCinntí roimhe seo, rinneadh teagmháil shuntasach le daoine ar suim leo an scéal le linn an phróisis, agus ghlac a lán geallsealbhóirí an deis le huiríl a dhéanamh chuig an gCoimisiún.

Painéal Achomharc 2008

Chomh maith le hoibriú i dtreo an Chinnidh dheiridh, bhí ar an bhfoireann eacnamaíochta athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe d'Athbhreithniú Eatramhach 2007 a tharchuir an Painéal Achomhairc Eitlíochta ar ais chuig an gCoimisiún i mí na Nollag 2008. Chinn an Painéal Achomharc ocht dtopaic ó d'Athbhreithniú Eatramhach 2007 a tharchur ar ais chuig an gCoimisiún dá bhreithniú. Theastaigh méid suntasach oibre sa chéad dá mhí den bhliain lena aghaidh seo. Ar dtús, d'fhoilsigh an Coimisiún páipéar comhairliúcháin gairid ag tabhairt cuireadh do pháirtithe lena dtuairimí a thabhairt faoi cibé ar cheart don Choimisiún a Chinneadh a dhearbhu nó a athrú. I ndiaidh don Choimisiún breithniú go cúramach ar na pointí a tharchuir an Painéal Achomharc ar ais chuige agus ar aighneachtaí a fuarthas ina dhiaidh sin, chinn an Coimisiún a Athbhreithniú Eatramhach a dhearbhu. Foilsíodh an tuarascáil inar míníodh an cinneadh seo an 23 Feabhra, laistigh den dá mhí ina raibh cead ag an gCoimisiún breithniú ar tharchuir a fuair sé ar ais maidir le hAchomhairc i gcoinne Cinneadh.

Tríú Cinneadh ar Chaidhpeanna Praghsais 2010 – 2014

Le linn 2009, rinne an Coimisiún obair a bhaineann le tríú Cinneadh ar chaidhpeanna praghsais. Agus an Cinneadh seo á dheanamh bhreithnigh an Coimisiún gach ceann dá chuspóirí reachtúla trí iad a léamh le chéile agus i bhfianaise a chéile:


- le forbairt agus oibriú éifeachtach agus eacnamaíoch aerfort Bhaile Átha Cliath a chomhlíonann riachtanais úsáideoirí reatha agus ionchasacha aerfort Bhaile Átha Cliath a éascú;
- le leasanna réasúnta riachtanais úsáideoirí reatha agus ionchasacha aerfort Bhaile Átha Cliath maidir le haerfort Bhaile Átha Cliath a chosaint; agus

- le cur ar chumas Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath aerfort Bhaile Átha Cliath a oibriú agus a fhorbairt ar mhodh inbhuanaithe agus inmharthana ó thaobh airgeadais de.

Le haghaidh an Chinnidh dheiridh bhí aird ag an gCoimisiún ar fhógra a fuarthas ón Aire Iompair, faoi Alt 10 d’Acht 2001, an 29 Deireadh Fómhair chomh maith. Tharchuir an fógra an Coimisiún chuig dhá dhoiciméad rialtais: “Ag Forbairt Gheilleagar Cliste na hÉireann: creatlach maidir le hathnuachan eacnamaíoch inbhuanaithe” agus Ráiteas Straitéise na Roinne Iompair do 2008 - 2010. Tharchuir an tAire an Coimisiún chuig an Acht Eitlíochta (Réamh-Imríteach) 2009 chomh maith.

Foilsíodh an Cinneadh deiridh an 4 Nollaig. Taispeánann an chairt thíos an chaidhp praghais a rialaíonn muirir aerfoirt ag aerfort Bhaile Átha Cliath a bheidh ann má bhíonn T2 réidh le hoibriú an 1 Samhain 2010.

Figiúr 1.1: 2010 – caidhp praghais 2014 má bhíonn T2 réidh le hoibriú faoi mhí na Samhna 2010



Sa phróisis as a dtáinig a Chinneadh deiridh fuair an Coimisiún uiríll ó raon leathan de dhaoine ar suim leo an scéal le linn thréimhse de 14 mhí ó fhoilsiú páipéar ceisteanna i mí Dheireadh Fómhair 2008. Fuair an Coimisiún deich bhfreagairt ar an bpáipéar ceisteanna. Ar 18 Meitheamh, foilsíodh an dréacht-Chinneadh ina raibh réamhsmaointeoireacht an Choimisiúin ar gach gné den Chinneadh ar chaidhpeanna praghais. Fuarthas dhá fhreagairt is fiche faoin dáta deiridh de 7 Lúnasa. I ndiaidh iarrtais a fháil d’fhonn deis a fháil trácht a dhéanamh ar na freagairtí a

fuarthas maidir leis an dréacht-Chinneadh, ar 21 Lúnasa thug an Coimisiún cuireadh do dhaoine tráchtanna a dhéanamh agus fuarthas ceithre fhreagairt. I mí na Samhna, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil Booz & Co maidir le costais oibriúcháin in T2 mar aon le fógra, CN2/2009 a spreag tráchtanna i ndáil leis an dóigh ar cheart don Choimisiún déileáil le tuarascáil Booz & Co sa Chinneadh deiridh. Chuir cúig pháirtí leasmhara a dtuairimí ar an obair seo isteach.


Baineann dúshlán faoi leith le gach Cinneadh. Maidir leis an trío Cinneadh, b'fhéidir gurbh iad an dá cheann ba shuntasáí ná

- an dóigh le freagairt ar an titim neamhghnách mhór i dtrácht paisinéirí, agus
- cad iad na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an dara teirminéal i ndáil le caiteachas oibriúcháin ag aerfort Bhaile Átha Cliath, go háirithe má chuirtear an neamhchinnteacht a bhaineann leis na pleananna d'oibríteoir neamhspleách san áireamh.

Toisc na costais a bhain le mórchlár infheistíochta a chur i gcrích, arna ndéanamh ag an ÚABÁC in 2008 agus 2009, mar aon le titim mhór sa líon tráchta bhí ar an gCoimisiún breathnú go cúramach ar chumas ÚABÁC aerfort a oibriú ar bhealach inbhuanaithe agus inmharthana ó thaobh airgeadais de. Chinn an Coimisiún ardú aon uaire a cheadú sa chaidhp praghais do 2010 leis na deacrachtaí os comhair an ÚABÁC a léiriú. Ó Chinneadh an Choimisiúin rinne an comhinnéasc S agus P rátáil chreidmheasa an ÚABÁC a uasghrádú ag lua na titime i dtrácht mar phríomhchúis.

Tá scála na titime i dtrácht paisinéirí léirithe ar an gcairt thíos, ag déanamh comparáide idir na tuartha paisinéirí ag tráth Chinntí 2007 agus 2009. Le teacht ar thuar paisinéirí deiridh do Chinneadh 2009, d'fhorbair an Coimisiún a shamhail eacnaiméadrach féin ar fhás OTI le trácht a thuar ag aerfort Bhaile Átha Cliath ó 2010 i leith. Foilsíodh réamhthorthaí maidir leis seo sa dréacht-Chinneadh. Mar gheall ar uiríll a fuarthas ó pháirtithe, in éineacht le meathlú i staid ghinearálta an gheilleagair, d'úsáid an Cinneadh deiridh tuartha níos ísle. Le haghaidh 2009 agus 2010 araon, rinneadh na tuartha a choigeartú leis na dearcaí níos duairce a bhí á dtuairisciú ag an aerfort agus na haerlínte don Choimisiún a léiriú.

Figiúr 1.2: Torthaí trácht paisinéirí i ndáil le 2008 agus ó 2007 an tAthbhreithniú Eatramhach agus Cinneadh 2009



Agus a thuartha tráchta bunlíne measta aige d’aerfort Bhaile Átha Cliath don tréimhse rialála 2010–2014, d’fhorbair an Coimisiún meastacháin le haghaidh costais oibriúcháin agus ioncam tráchtála. Chuimsigh an Cinneadh deiridh liúntas do leibhéal éifeachtach de chostais oibriúcháin le saoráidí reatha an ÚABÁC a oibriú agus do T2 nuair a osclóidh sé. Mheas an Coimisiún go n-osclófar T2 i mí na Samhna 2010 agus go bhfreastalaíonn sé ar 40% den líon iomlán paisinéirí ag an aerfort. Ba é obair a rinne dhá ghrúpa comhairliúcháin arna gcoimeád ag an gCoimisiún a chuaigh i gcion ar an gcinneadh deiridh. Coimeádadh Comhairleoirí Idirnáisiúnta Indecon, i gcomhar le Jacobs, le staidéar ón mbun aníos a dhéanamh ar chostais oibriúcháin aerfort Bhaile Átha Cliath, gan T2 san áireamh, don dréacht-Chinneadh. Rinneadh an cleachtadh seo de réir sheintimint ghinearálta na bhfreagróirí i ndáil le Páipéar Ceisteanna mhí Mheán Fómhair 2008.

Léirigh an dréacht-Chinneadh go mb’fhéidir go mbraitheadh an Coimisiún ar thoradh an phróisis tairisceana a bhí á thionól ag an Roinn Iompair le hoibritheoir a roghnú le haghaidh seirbhísí áirithe in T2. De bharr na neamhchinnteachta leanúnaí faoi fhorbairt an phróisis tairisceana agus cé acu an mbeadh an fhaisnéis ar an gcostas ar fáil sula bhfoilseofaí an dréacht-Chinneadh nó nach mbeadh, mar aon le tráchtanna ó líon freagróirí ar an dréacht-Chinneadh a bhí ag argóint i gcoinne bheith ag brath ar an bpróiseas tairisceana, chinn an Coimisiún Booz & Co a fhostú

le hanailís a dhéanamh ar iarmhairt chostais oibriúcháin T2 dá mbeadh sé réidh le hoibriú. Lorg staidéar Booz & Co. costais oibriúcháin an teirminéil úir do phaisinéirí a thuar agus barainnachtaí scála nó scóip ar bith a d'fhéadfadh teacht as teirminéal úr do phaisinéirí a thabhairt isteach a shainaitint.

Ríomh an Coimisiún an meastachán ar ioncam tráchtála a chuimsítear sa Chinneadh deiridh ag úsáid tuair bunaithe ar shamhail eacnaiméadrach; tá an cur chuige "ó bharr anuas" seo bunaithe ar chaidrimh stairiúla bhreithnithe idir líon paisinéirí, OTI nó díolacháin mhiondíola. Éagsúil ó Chinneadh roimhe seo, rinne an Coimisiún an obair uile a bhaineann le hioncam tráchtála amach anseo a thuar go himheánach. Níor fostaíodh comhairleoirí ar bith.

Rinne an Coimisiún an obair uile a bhaineann le toradh oiriúnach ar chaipiteal a mheas chun críche caidhp praghsais a shocrú. Cheadaigh sé costas réamhchánach iarbhir de chaipiteal de 7%, ag úsáid modha cosúil leis an modh a d'úsáid comhairleoirí sna Cinntí roimhe sin.

Bhí impleachtaí ag an tuar tráchta níos ísle maidir le costais chaipitil, chomh maith leis na costais oibriúcháin agus an ioncam tráchtála. Den chéad uair, rinne an Coimisiún cathaoirleacht ar shraith de chruinnithe le riachtanais caiteachas caipitil ag an aerfort a phlé sa chéad leath den bhliain. Cé gur chuidigh na cruinnithe seo leis an gCoimisiún le teacht ar a chuid conclúidí faoi na liúntais a dhéanfadh siad le haghaidh infheistíochta ag an aerfort sna céad chúig bliana eile, tá súil ag an gCoimisiún go leanfaidh páirtithe de theacht le chéile go cuiditheach leis na riachtanais chaipitil atá ag teacht chun cinn ag an aerfort thar na céad chúig bliana eile a phlé. Leag an Coimisiún prionsabail amach roimhe seo le haghaidh comhairliúcháin éifeachtúil ina pháipéar polasaí a sholáthraíonn treoir ar an gcur chuige maidir le comhairliúchán caiteachas caipitil, CP8/2007.

Ar deireadh, rinne an Coimisiún Cinneadh a ghlac le hinfheistíocht ag aerfort Bhaile Átha Cliath de €189m sa tréimhse 2010–2014, ag méadú, b'fhéidir, le €320m eile má éilíonn coinníollacha é (go sonrath dá sáródh an trácht ionchais an oiread sin is go mbeadh rúidbhealach úr de dhíth). Léiríonn na táblaí thíos sonraí ar an méid atá ceadaithe le haghaidh ocht gcatagóir caiteachas caipitil, agus tugann sé breac-chuntas fosta ar na trí "spreagthach" dá mbeadh an Coimisiún ag súil le caiteachas caipitil breise a fháil lena n-aghaidh ag aerfort Bhaile Átha Cliath.

Tábla 1.3: Liúntas caiteachas caipitil neamhchoinníollach 2010 - 2014

Grúpáil Caiteachas Caipitil	Méid an Chinnidh dheiridh (na milliúin d'Euro)
Oibríochtaí aerfoirt	€43m
Bonneagar thaobh na talún	€22m
Piaraí agus teirminéil	€8m
Gléasra agus trealamh	€3m
Miondíol	€11m
Ioncam	€14m
Seastáin agus aerpháirceanna	€32m
Fóntais	€37m
Bainistíocht agus teagmhas cláir	€19m
Iomlán	€189m

Tábla 1.4: Liúntas caiteachas caipitil (spreagtha) coinníollach 2010 - 2014

Tionscnaimh bhreise fhéideartha	Spreagthach	Méid(na milliúin d'Euro)
Dara rúdbhealach	Má sháraíonn trácht bliantúil paisinéirí 23.5 milliún	€288m
Naprún Nua	Má sháraíonn éileamh le haghaidh infhaighteacht seastán 74 seastán sa bhuaic-sheachtain.	€22m
Upgraded hold baggage screening	Má éilíonn reachtaíocht úr é	€10m

Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an gcaiteachas caipitil a rinne an ÚABÁC sa tréimhse 2006-2009 chomh maith, ag féachaint do cibé agus cé mhéad ba chóir don Choimisiún toradh a cheadú air agus toradh an chaiteachais a chinneadh. Beidh athbhreithniú mionsonraithe ar chostais na dtorthaí a bhaineann le tionscadal T2 ann ag tráth an chéad Chinnidh eile, cinneadh a léiriú ag tráth Athbhreithniú Eatramhach 2007 le spreagthaí a sholáthar don ÚABÁC le costais an tionscadail a bhainistiú. Cumasaíonn an Cinneadh reatha méadú sa chaidhp praghsais nuair a bheidh T2 réidh le hoibriú, ach ní háireofar cuid de na costais a bhaineann

le T2 a thógáil i ríomh na caidhpe praghais ach má bhíonn agus nuair a bheidh líon na bpaisinéirí níos airde ná 33 milliún.

Tá an Cinneadh úr ar an gcéad chinneadh ina bhfuil nasc follasach idir leibhéal na caidhpe praghais agus cáilíocht na seirbhíse a chuirtear ar fáil ag aerfort Bhaile Átha Cliath. Mura mbaineann ar an ÚABÁC na spriocanna cáilíocht seirbhíse éagsúla amach, d'fhéadfadh an caidhp praghais bhliantúil suas le 4.5% níos ísle. Tá dhá thomhas déag de cháilíocht seirbhíse sa scéim monatóireachta dá bhfuil dreasacht airgeadais don ÚABÁC leis an sprioc a bhaint amach. Rinneadh sonraí na scéime, lena n-áirítear an rogha de thomhas cáilíocht seirbhíse, a fhorbairt thar níos mó ná bliain go leith, agus foilsíodh an chéad pháipéar comhairliúcháin ar cháilíocht seirbhíse i mí an Mheithimh 2008, roimh an bpáipéar Ceisteanna. Bhí tacaíocht fhorleathan ann do scéim monatóireachta, cé go raibh easaontuithe i gceist maidir leis na sonraí, cosúil le cad iad na réimsí seirbhíse is tábhachtaí, cad é an dóigh is fearr lena dtomhas, agus cad iad na dreasachtaí airgeadais (más ann dóibh) a chuirfí i bhfeidhm. Tá na réimsí cáilíocht seirbhíse a bhfuil an scéim reatha ag iarraidh iad a léiriú liostaithe sa tábla thíos.

Tábla 1.5: Meadrachtaí cáilíocht seirbhíse lena n-áirítear an córas monatóireachta

Monatóireacht ar cháilíocht seirbhíse	
Cuardach slándála paisinéirí	Glaineacht na leithreas
Láimhsiú bagáiste amach	Limistéar feithimh/geata compordach
Láimhsiú bagáiste isteach	Cúirtéis/cabhracht fhoireann an aerfoirt (gan an fhoireann seiceála isteach & slándála a áireamh)
Lorg bealaí a éascú	Cúirtéis/cabhracht na foirne slándála
Scáileán eolais ar eitiltí	Sástacht fhoriomlán (gach paisinéir)
Glaineacht na dteirminéal aerfoirt	Cumarsáid/teileachumarsáid/ríomh-shaoráidí

Rinneadh athrú ar iarratas mheasúnú comhlíonta bliantúil an Choimisiúin ar an ÚABÁC le riachtanas úr don ÚABÁC le cúiteamh a thabhairt d'úsáideoirí laistigh de cheathracha a cúig lá den bhliain fhéilire dar críoch má sháraíonn sé an chaidhp praghais don bhliain sin choíche. Ní cheadóidh an Coimisiún don ÚABÁC ach 5% ar a mhéad den chaidhp praghais in aghaidh an phaisinéara maidir le fobhailiú ar bith i mbliain rialála a rolladh ar aghaidh.

Rochtain ar Tháillí Suiteála

In 2009 ní bhfuair an Coimisiún iarratais ar bith ón ÚABÁC d'fhaomhadh táillí maidir le 'rochtain ar shuiteálacha aerfoirt' (ar a dtugtar táillí ATI fosta) ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí nó na Sionainne.

Sa Chinneadh deiridh ar mhuirir aerfort Bhaile Átha Cliath chuimsigh an Coimisiún tuar le haghaidh ioncaim tuillte ó rochtain ar tháillí suiteála i dtuar d'ioncam tráchtála an ÚABÁC. Léirigh an Coimisiún go gcuirfidh sé aisghlámadh nó breisiú i bhfeidhm ag Cinntí amach anseo, má bhíonn a thuartha ioncaim ó tháillí ATI difriúil ó leibhéal na dtorthaí. Níor chóir go gcuirfeadh aerlínte a bhfuil imní orthu go bhfuiltear ag iarraidh orthu muirear aerfoirt 'cúldorais' a íoc i gcoinne iarratas amach anseo maidir le hathruithe i leibhéal na dtáillí ATI ag aerfort Bhaile Átha Cliath níos mó.

Muirir maidir le Daoine faoi Mhíchumas Luaineachta (DML)

Ar 27 Lúnasa 2009 d'fhoilsigh an Coimisiún fógra, CN1/2009, ag sonrú go raibh an 33 ceint arna ghearradh ag an ÚABÁC ag aerfort Bhaile Átha Cliath le haghaidh seirbhísí DML a sholáthar ag cloí le forálacha rialachán CE 1107/2006. Tá tuilleadh eolais ar an gceist seo le fáil sa chaibidil *Daoine faoi mhíchumas Luaineachta*.

Muirir um Sheirbhísí Teirminéil Eitlíochta

I mí Iúil 2009, d'fhoilsigh an Coimisiún páipéar comhlíonta ag fíorú gur chloígh an ÚEÉ leis na caidhpeanna praghais don tréimhse rialála naoi míosa 26 Márta go 31 Nollaig 2007 agus don bhliain fhéilire iomlán 2008.

I mí Dheireadh Fómhair, d'fhíoraigh an Coimisiún gur chomhlíon an ÚEÉ an t-imeacht cloch mhíle a bhaineann le túr rialaithe aerthráchta Chorcaí a bheith réidh le hoibriú. Rinneadh an chaidhp praghais a rialaíonn na muirir seirbhísí teirminéil eitlíochta a nuashonrú dá réir sin.

Cé go ríomhann an Coimisiún an chaidhp praghais do gach bliain den tréimhse rialála, is faoi rogha an ÚEÉ é a chinneadh cibé acu a ghearrfaidh siad muirear suas go dtí an chaidhp nó nach ngearrfaidh. Le haghaidh 2010, tá sé tuartha ag an gCoimisiún faoi láthair go mbeidh an chaidhp praghais €3.36 in aghaidh an tona d'aerárthaí imeachta. Tagann an neamhchinnteacht chun cinn de bharr go n-éagsúlaíonn an fhoirmle reatha a shonraíonn an t-ioncam is féidir leis an ÚEÉ a bhailiú ó sheirbhísí teirminéil eitlíochta de réir na dtónaí iomlána iarbhír de MTOW a

úsáideann seirbhísí teirminéil eitlíochta ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne. Ní bheidh a fhios ag an gCoimisiún go cinnte an chaidhp ar ioncam a bheidh cead ag an ÚEÉ a bhailú don bhliain sin go dtí go mbeidh an trácht iomlán ar eolas acu ag deireadh na bliana. Má bhíonn na toirteanna tráchta ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne in 2010 mar an gcéanna leis na cinn a thuar an ÚEÉ i mí na Nollag 2009 (7,857,000 tona) is í an chaidhp praghais a bheidh ann ná €3.36 in aghaidh an tona.

Caidhpeanna Praghais rialaithe agus muirir fhaofa

Coinníonn an Coimisiún tábla nuashonraithe d'fhaisnéis ar chaidhpeanna praghais agus muirir fhaofa reatha ar a láithreán gréasáin. Déanann na táblaí thíos achoimre ar chaidhpeanna praghais 2010 arna rialú ag an gCoimisiún, mar aon le cuid de na muirir fhaofa um Rochtain ar Shuiteálacha (ATI).

Tábla 1.6: Achoimre ar chaidhpeanna praghais rialaithe

Cineál caidhp praghais	Caidhp praghais 2010
Meánioncam in aghaidh na paisinéara a fuarthas ar muirir aerfoirt	Níor chóir go mbeadh sé os cionn €9.32 in aghaidh an phaisinéara ag aerfort Bhaile Átha Cliath ^(a)
Muirir um Sheirbhísí Teirminéil Eitlíochta (ATSE) agus aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne	Níor chóir go mbeadh sé os cionn €3.36 in aghaidh an tona d'aerárthaí imeachta ^(b)

Nótaí: (a) Ag glacadh leis go n-oscloídh an dara teirminéal (T2) ar 1 Samhain 2010. Mura n-osclofar T2 in 2010, beidh an chaidhp praghais ionann le €8.93; (b) ag glacadh leis go mbeidh an t-uasmheáchan éirí ionann le 7,857,000 tona in 2010.

Tábla 1.7: Achoimre de mhuirir fhaofa

Cineál muirear rochtana (ATI)	Muirir ATI i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2010
Táilledeasc seiceála isteach aerfort Bhaile Átha Cliath Táille cíosa sholúbtha don deasc seiceála isteach ^(a)	Táille bhliantúil: €24,564 in aghaidh na deisce san uair Cíos san uair: €29 san uair (nó cuid de)
Aerfort na Sionainne: táille deasc seiceála isteach ^(b) Táille cíosa sholúbtha don deasc seiceála isteach	Táille bhliantúil: €9,559 sa deasc san uair Cíos san uair: €24 san uair (nó cuid de)
Aerfort Chorcaí: táille bhliantúil don deasc seiceála isteach ^(c) Táille cíosa sholúbtha don deasc seiceála isteach	Táille bhliantúil: €12,752 in aghaidh na deisce san uair Cíos san uair: €5.10 san uair (nó cuid de)
CUTE ^(d) táillí ag Aerfort na Sionainne	€0.30 in aghaidh an phaisinéara ag dul ar bord
CUTE ^(d) táillí ag Aerfort Chorcaí	€0.24 in aghaidh an phaisinéara ag dul ar bord

Nótaí: (a) Coigeartaithe le haghaidh boilscithe ar Eanáir 1 gach bliain don 12 mhí i ndáil le mí Iúil roimhe sin; (b) coigeartaithe le haghaidh boilscithe ar 1 Iúil gach bliain den bhliain fhéilire roimhe sin; (c) coigeartaithe le haghaidh boilscithe ar 1 Eanáir gach bliain don 12 mhí i ndáil leis an 30 Meán Fómhair roimhe sin. (d) tagraíonn CUTE do “Threalamh Teicneolaíochta an Úsáideora Choitianta” ag gach aerfort, a chuireann ar chumas úsáideora nó láimhseálaí ar bith deasc seiceála faoi leith a úsáid.

Aisghabháil chostais an athbhreithnithe Bhreithiúnaigh ó Ryanair Teoranta

I mí Dheireadh Fómhair 2007, thionscnaimh Ryanair Teoranta imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh i gcoinne chinneadh an Choimisiúin ina Athbhreithniú Eatramhach maidir leis an gCinneadh ar mhuirir aerfoirt 2005 a bhain le haerfort Bhaile Átha Cliath. Dhiúltaigh an Ard-Chúirt na himeachtaí seo agus ar 20 Bealtaine 2008 rinne sí Ordú i bhfabhar an Choimisiúin ag deonú 50% de chostais iomlána na n-imeachtaí sin lena n-áirítear costais fhorchoimeádta ar bith air. Tá ionadaithe dlíthiúil Ryanair ag féachaint do na costais seo a fháil ar ais.

Clár Oibre do 2010

Bhí Cinntí an Choimisiúin maidir le caidhpeanna praghsais ar mhuirir aerfoirt faoi réir dúshláin roinnt uaireanta ó cruthaíodh an oifig: 2002,

2006 agus 2008 painéil achomhairc agus athbhreithniú breithiúnach in 2003, 2005 agus 2007. Chuir na dúshláin sin strus suntasach ar am agus acmhainní an Choimisiúin. Go luath in 2010, cheana féin, lorg páirtí amháin athbhreithniú breithiúnach ar Chinneadh 2009 an Choimisiúin agus léirigh sé go bhfuil sé beartaithe aige achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh. Níl a fhios fós cad iad na héilimh a chuirfidh na cleachtaí seo i bhfeidhm ar acmhainní an Choimisiúin in 2010.

Leanfaidh an Coimisiún de mhonatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh caidhpeanna praghais ag an ÚABÁC agus an ÚEÉ. Cuirfidh sé tús fosta le pleanáil maidir le Cinneadh úr a rialaíonn na Muirir um Sheirbhísí Teirminéil Eitlíochta (ATSCanna) a d'fhéadfadh an ÚEÉ a ghearradh, agus tá Páipéar Ceisteanna beartaithe le haghaidh níos déanaí sa bhliain. Críochnóidh Cinneadh reatha an ÚEÉ in 2011.

Sa Chinneadh deiridh ar mhuirir aerfoirt rinne an Coimisiún tiomantas do dhul i gcomhairle le fiúntais rialachán "scipéid aonair" nó "dé-scipéid" ag aerfort Bhaile Átha Cliath, d'fhonn dul i gcion ar an gcur chuige a bhféadfadh sé glacadh leis ag Cinntí amach anseo. Tosóidh an Coimisiún obair ar an topaic seo in 2010. Go dtí seo tá an Coimisiún i bhfabhar an chur chuige de sceipéad amháin, lena n-áirítear na costais agus an tioncam a bhaineann le seirbhísí loingseoireachta agus neamhloingseoireachta ag aerfort Bhaile Átha Cliath ina ríomhanna as a dtiocfaidh caidhp praghais ar mhuirear aerfoirt. Ní bhainfeadh cur chuige dé-scipéid ach leis na costais a bhaineann le seirbhísí loingseoireachta a sholáthar.

Sprioc	Gníomhartha leis an sprioc a bhaint amach
<p>Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaidhpeanna praghsais atá i bhfeidhm</p>	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Tuarascáil chomhlíonta bhliantúil an ÚEÉ a fhoilsiú ➤ Tuarascáil chomhlíonta bhliantúil an ÚABÁC a fhoilsiú
<p>Tús a chur le próiseas cinnidh úir le haghaidh muirir ATSC (ÚEÉ) ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Páipéar Ceisteanna a fhoilsiú sa dara leath de 2010, as a dtiocfaidh Cinneadh úr roimh dheireadh 2011.
<p>Athscrúdú a dhéanamh ar an gcóras rialála ag aerfort Bhaile Átha Cliath, ag féachaint do na réimsí, más ann dóibh, ina bhféadfadh sé go mbeadh gá le hathruithe a shainaithint</p>	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Próiseas comhairliúcháin a thionscnamh in 2010 ar an scóip i ndáil leis an scipéad rialála ag aerfort Bhaile Átha Cliath: Scipéad aonair in aghaidh Dé-Scipéid.

CIONROINNT SEALANNA

Ról an Choimisiúin

Déanann an Coimisiún:

- Stádas sceidealaithe aerfoirt na hÉireann a ainmniú faoi na Rialacháin um Chionroinnt Sealanna, agus
- Más gá, éascaitheoir nó comhordaitheoir sceideal a cheapadh.

Gníomhaíochtaí comhordaithe ag aerfort Bhaile Átha Cliath

I mí Feabhra 2007 d'ainmnigh an Coimisiún aerfort Bhaile Átha Cliath mar aerfort comhordaithe sealanna do shéasúr sceidealaithe an Gheimhridh 2007, agus ó sin amach. Is é an t-aon aerfort comhordaithe sealanna in Éirinn fós.

In 2006, cheap an Coimisiún Airport Coordination Limited (ACL) mar an gcomhordaitheoir ag aerfort Bhaile Átha Cliath don tréimhse Márta 2006 go dtí Márta 2011. Tá freagracht laethúil ag an ACL as comhordú sealanna ag aerfort Bhaile Átha Cliath. Cuireann an ACL a ról mar chomhordaitheoir sealanna i gcrích trí idirghníomhaíochtaí laethúla le haeriompróirí, agus freastalaíonn sé ar chruinnithe débhlíantúla Choiste Comhordaithe Aerfort Bhaile Átha Cliath. Freastalaíonn an Coimisiún ar na cruinnithe seo chomh maith.

Tá dhá shéasúr sceidealaithe ann d' aerfort Bhaile Átha Cliath: an Geimhreadh (31 Deireadh Fómhair) agus an Samhradh (27 Márta go 30 Deireadh Fómhair). Do gach ceann de na séasúir sceidealaithe, foilsíonn an ACL tuarascáil a dhéanann achoimre ar líon na sealanna a éilítear agus a chionroinntear, agus ar an úsáid a bhaintear as tuilleadh agus bonneagar an aerfoirt. Is féidir cóipeanna stairiúla de na tuarascálacha séasúir do Bhaile Átha Cliath a íoslódáil láithreán gréasáin an ACL: www.acl-uk.org.

Beidh sceideal an tSamhraidh 2010 críochnaithe i mí an Mhárta nó – Aibreán 2010. Léirigh sceideal an Gheimhridh 2010, a cuireadh i gcrích ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2009, titim shuntasach i dtrácht le taobh blianta roimhe sin. Déanann an tábla a leanas comparáid idir gluaiseachtaí aerárthaí sa Gheimhreadh 2008 agus sa Gheimhreadh 2009

ag 3 aerfort an ÚABÁC le gluaiseachtaí aerárthaí ag sampla d'aerfoirt sa RA. I gcomhthéacs an athraithe i ngluaiseachtaí idir Geimhreadh 2008 agus Geimhreadh 2009, bhí an laghdú is mó le feiceáil in aerfoirt an ÚABÁC, laghdú de 19% ar an mbliain roimhe sin.

Tábla 2.1: Gluaiseachtaí aerthráchta in aerfoirt na hÉireann: Geimhreadh 2009

	Gluaiseachtaí iomlána aerárthaí		
	Geimhreadh 2008	Geimhreadh 2009	% difear
Aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne	97,672	78,704	-19%
Aerfort Bhaile Átha Cliath	76,070	61,996	-19%
Londain Heathrow	196,285	193,762	-1%
Londain Gatwick	94,227	96,939	3%
Aerfort Stansted	66,477	59,607	-10%
Aerfort Mhanchain	68,915	58,333	-15%

Nóta: Reáchtálann séasúr an Gheimhridh 2009 ó Dheireadh Fómhair 2009 go dtí Márta 2010. Tagraíonn 'ghluaiseachtaí iomlána aerárthaí' do thosach an tséasúir sceidealaithe. Foinse: Airport Coordination Ltd (ACL)

Tharla an chuid is mó den titim i ngníomhaíocht ag aerfort Bhaile Átha Cliath in athruithe i sceidil an dá phríomh-aerlíne Ryanair agus Aer Lingus. Bhí roinnt eile iompróirí, áfach, a scor agus a thosaigh oibríochtaí úra ag aerfort Bhaile Átha Cliath le bliain anuas. Tugtar samplaí den ghníomhaíocht seo sa tábla thíos.


Tábla 2.2: Geimhreadh 2008/Geimhreadh 2009 – Scortha/iompróirí úra

Aeriompróir / bealach	Séasúr sceidealaithe ar a ndeachthas i bhfeidhm
Iompróirí a scor d'oibríochtaí ag Baile Átha Cliath	
Siberian Airlines / Baile Átha Cliath - Moscó	Geimhreadh 2008, Samhradh 2009 (dhá cheann sa tseachtain)
Atlas Blue / Baile Átha Cliath – Agadir	Geimhreadh 2008, Samhradh 2009 (ceann amháin sa tseachtain)
Cityflyer (BA) / / Baile Átha Cliath – Cathair London	Samhradh 2009 (laethúil)
BA / / Baile Átha Cliath - Londain Gatwick	Samhradh 2009 (laethúil)
Malev / Búdaipeist	Geimhreadh 2009 (laethúil)
Iompróirí ag tosú oibríochtaí ag Baile Átha Cliath	
Jet4you / Baile Átha Cliath - Agadir	Geimhreadh 2009 (ceann amháin sa tseachtain)
DanubeWings / Baile Átha Cliath – Poprad (Slovakia)	Geimhreadh 2009 (ceann amháin sa tseachtain)
Tunisair / Baile Átha Cliath – MIR (an Túinéis)	Geimhreadh 2009 (ceann amháin sa tseachtain)
Norwegian Air Shuttle / Baile Átha Cliath – Oslo/CPH	Geimhreadh 2009 (suas go ceithre cinn sa tseachtain)

Foinse: Airport Coordination Ltd (ACL)

Tá tábhacht an dá iompróir is láidre ag aerfort Bhaile Átha Cliath (Ryanair agus Aer Lingus) léirithe sa chairt a leanas, a dhéanann comparáid idir gluaiseachtaí an Gheimhridh 2009 (W09) agus gluaiseachtaí an Gheimhridh 2008 (W08) ag aerlínte. Le bliain anuas, tá laghdú tagtha ar scair gluaiseachtaí Ryanair (FR) ag aerfort Bhaile Átha Cliath ó 38.2% go 36.6%, agus tá méadú tagtha ar scair Aer Lingus (EI) ó 30.7% go 32.1%, ag coinneáil scair an dá iompróir is mó ag 68.7%. Mhéadaigh Aer Arran (RE), Cityjet (AF) agus BMI (BD) go léir a scaireanna de ghluaiseachtaí aerthráchta le linn an Gheimhridh 2009.


**Figiúr 2.3: Gluaiseachtaí aerthráchta an Gheimhridh 2009 in aghaidh
Ghluaisreachtaí aerthráchta an Gheimhridh 2008 ag aerlíne**



Foinse: Airport Coordination Ltd (ACL)

Is é an cuspóir a bhaineann le córas comhordaithe sealanna a thabhairt isteach ná dul i ngleic le ceistanna a thagann as brú tráchta an aerfoirt ag amanna áirithe den lá. Taispeánann an chairt thíos an dóigh a n-athraíonn tomhas amháin d'úsáid/bhrú tráchta – an líon de phaisinéirí imeachta in aghaidh na huaire – i rith an lae. Léiríonn an dlús tráchta i mbuaic-uaireanta na maidine (6am – 8am) samhail gnó pointe go pointe an dá iompróir is mó ag aerfort Bhaile Átha Cliath, áit a bhfuil ardleibhéal d'úsáid aerárthaí ríthábhachtach.

Figiúr 2.4: An t-éileamh iomlán ag aerfort Bhaile Átha Cliath i rith an lae (paisinéirí), Geimhreadh 2009 (W09) in aghaidh an Gheimhridh 2008 (W08)




Foinse: Airport Coordination Ltd (ACL)

Gníomharthaí forfheidhmithe ag an gcomhordaitheoir

Cosúil le haerfort ar bith eile, d'fhéadfadh sé go mbainfí mí-úsáid as an gcóras um chionroinnt sealanna ag aerfort Bhaile Átha Cliath. Is féidir leis an mhí-úsáid a bheith go n-oibríonn aeriompróirí 'eas-seala' nó go roghnaíonn siad gan oibriú i seal cionroinnte. Taispeánann an chairt a leanas an leibhéal d'oibríochtaí den sórt sin le linn shéasúr sceidealaithe an tSamhraidh 2009, an séasúr is déanaí dá bhfuil sonraí toraidh ar fáil. Leis na figiúirí a bhaineann le Baile Átha Cliath a chur i gcomhthéacs, bhí 101,694 gluaiseacht aerárthaí i séasúr an tSamhraidh 2009. Dá bhrí sin, léiríonn iomlán na ngluaiseachtaí 'eas-seala' agus sealanna neamh-oibriúcháin (682) 0.7% de na gluaiseachtaí ar fad.

Mar a breithníodh i dTuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin 2008, is aer-oibríteoirí Eitlíochta Ginearálta (.i. seirbhísí neamhsceidealaithe) iad cion mór d'oibríochtaí nach bhfuil seal acu, agus go sonrath úinéirí eitleán beag príobháideach a leanann d'oibriú amach as Baile Átha Cliath. De réir an ACL, bhí thart ar 42% d'oibríochtaí an tSamhraidh 2009 inchurtha i leith na hEitlíochta Ginearálta. Oibríonn aerfoirt an RA a thaispeántar san fhiúir córas smachtbhannaí sealanna, lena n-áirítear fíneálacha a úsáid le haghaidh cineálacha áirithe de mhí-úsáid. Tugann tuarascálacha an ACL as roimhe agus i ndiaidh thabhairt isteach na gcóras smachtbhannaí sa RA (ar fáil ar láithreán gréasáin an ACL) le tuiscint gur tháinig laghdú ar an leibhéal de mhí-úsáid na sealanna, go háirithe eitiltí a oibríonn eas-seala, ag aerfoirt an RA de bharr na gcóras smachtbhannaí.

Figiúr 2.5: Oibríochtaí na bhfuil seal acu agus neamhoibriú seala – Samhradh 2009



Foinse: Airport Coordination Ltd (ACL)

Ní cheadaíonn an reachtaíocht reatha a rialaíonn ról sealanna an Choimisiúin ag aerfoirt na hÉireann ach don Choimisiún dhá rud a dhéanamh: (1) stádas sceidealaithe aerfoirt a shocrú; agus (2) más cuí, comhordaitheoir sceideal a cheapadh d'aerfoirt. Ní théann cumhachtaí an Choimisiúin thar an dá ról seo.

Sa mhéid go bhfuil gá le dul i ngleic le fadhbanna mí-úsáid sealanna féideartha ag aerfort Bhaile Átha Cliath, tá sé fós ar oscailt don chomhordaitheoir sealanna reatha, ACL, sealanna marthanaithe a 'bhaint ar ais' d'iompróirí a sháraíonn na rialacha nó gan iad a chionroinnt orthu arís. Rogha eile, agus ceann ar a rinne an ÚABÁC stocaireacht le roinnt blianta anuas, ná breithniú ar córas smachtbhannaí sealanna foirmiúla a thabhairt isteach in aerfort Bhaile Átha Cliath. Áireoidh smachtbhannaí dá leithéidí an fhéidearthacht fíneálacha a shocrú do na haeriompróirí siúd a bhriseann na rialacha. Tá córais smachtbhannaí chomhchosúla i bhfeidhm i roinnt aerfort eile, sa RA go sonrath. In Éirinn, is ceist í sin don Roinn Iompair, cibé acu ar chóir córas mar sin a thabhairt isteach nó nár chóir. I mí Aibreáin 2006, d'fhógair an Coimisiún páipéar comhairliúcháin ar thabhairt isteach na smachtbhannaí faoi Airteagal 14.5 den Rialachán AE 95/93. Ba é cuspóir an pháipéir nó tuairimí a fháil ó dhaoine ar suim leo an scéal ar nádúr na nósanna imeachta forfheidhmithe ag aerfoirt chomhordaithe in Éirinn. Thug roinnt páirtithe lena n-áirítear an ÚABÁC, na príomh-aerlínte ag Baile Átha Cliath agus ACL freagairt ar an gcomhairliúchán.

Níl córas smachtbhannaí sealanna foirmiúla fós i bhfeidhm ag aerfort Bhaile Átha Cliath. Leanfaidh an Coimisiún d'idirchaidreamh a dhéanamh leis an Roinn Iompair ar a leithéid de bhearta a thabhairt isteach.

Clár Oibre do 2010

Sprioc	Gníomhartha leis an sprioc a bhaint amach
<p>Oibriú réidh leanúnach den chóras sceidealaithe reatha ag aerfort Bhaile Átha Cliath a chinntiú</p>	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Freastal ar chruinnithe débhlantúla Choiste Comhordaithe Aerfort Bhaile Átha Cliath ➤ Idirghníomhaíocht rialta le comhordaitheoir na sceideal (ACL) maidir le treochtaí tráchta ag aerfort Bhaile Átha Cliath ➤ Tairiscint agus conradh a dhéanamh i ndáil le comhordaitheoir sceideal aerfort Bhaile Átha Cliath leis an ról a ghlacadh ó dheireadh chonradh an ACL reatha (deireadh Mhárta 2011)
<p>Breithniú ar athruithe ar bith ar an gcóras reatha d'fhonn córas feidhmithe níos fearr a chur ar fáil</p>	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Idirchaidreamh a dhéanamh leis an Roinn, agus gach duine eile ar suim leo an scéal, i ndáil le córas smachtbhannaí foirmiúla a thabhairt isteach ag aerfort Bhaile Átha Cliath

CEADÚNÚ AERIOMPRÓIRÍ

Ról an Choimisiúin

Tá an Coimisiún freagrach as an gCeadúnas Oibriúcháin aeriompróirí a eisiúint. Tá cead ag sealbhóirí ceadúnais paisinéirí, post agus/nó lastas a bheith sa charráiste aeir acu le haghaidh luach saothair agus/nó fruilithe.

Ní thugann an Coimisiún ceadúnais ach d'iarrthóirí a bhfuil a bpríomhláthair gnó acu in Éirinn. Chomh maith leis na riachtanais éagsúla úinéireachta agus gnó a leagtar amach sa reachtaíocht, caithfidh iarrthóirí na riachtanais a bhaineann le hinfheidhmeacht airgeadais agus clúdach árachais a bhaint amach fosta. Déanann an Coimisiún monatóireacht ar chomhlíonadh na sealbhóirí ceadúnais maidir leis na riachtanais seo ar bhonn leanúnach.

Tá dhá chatagóir de shealbhóirí ceadúnais ann, a shainítear mar a leanas:

- Catagóir A – tugann sé seo cead paisinéirí, lastas agus/nó post a iompair ar aerárthach le 20 suíochán nó níos mó
- Catagóir B – tugann sé seo cead paisinéirí, lastas agus/nó post a iompair ar aerárthach le níos lú ná 20 suíochán nó níos lú ná 10 dtóna d'uasmeáchan éirí.

Níl an Coimisiún freagrach as rialú sábháilteachta. Is í seo feidhm Údarás Eitlíochta na hÉireann (ÚEÉ). Caithfidh aeriompróirí a bhaineann le hoibríochtaí aeriompar tráchtála ar a bhfuil Ceadúnas Oibriúcháin de dhíth Teastas Aer-Oibritheora (AOC) a eisíonn an ÚEÉ a fháil ar dtús.

Gníomhaíocht agus Comhlíonadh Ceadúnaithe

Ag deireadh 2009 bhí 18 aerlíne Éireannach ceadúnaithe ag an gCoimisiún. Le linn 2009, d'eisigh an Coimisiún ceadúnas úr amháin chuig oibritheoir Chatagóir B, Premier Aviation Ltd, agus chinn oibritheoir Chatagóir B eile, Celtic Helicopters Ltd, a cheadúnas oibriúcháin a thabhairt suas.

Chinn an Coimisiún Ceadúnais Oibriúcháin dhá chuideachta a chur ar fiontraí le linn na bliana. Chinn cuideachta amháin, Premier Aviation Ltd,

an t-aon aerárthach a bhí aici a dhíol agus d'iarr sí go gcuirfí a Teastas Aer-Oibritheora agus a Ceadúnas Oibriúcháin ar fiontraí go dtí go mbeifí ábalta aerárthach athsholáthair a aithint. Chuir an Coimisiún Ceadúnas Oibriúcháin cuideachta eile, Sky West Aviation Ltd, ar fiontraí i ndiaidh cinnidh ag Údarás Eitlíochta na hÉireann i ndáil le Teastas Aer-Oibritheora a bhí ag an gcuideachta sin a chur ar fiontraí.

Rinne an Coimisiún mionscrúdú fosta ar dhá iarratas le haghaidh cheadúnas Chatagóir A le linn 2009. Níor eisíodh Ceadúnas Oibriúcháin sa chás seo.

Le linn 2009, bhí gach sealbhóir ceadúnais faoi réir ag monatóireacht leanúnach lena chinntiú go raibh siad ag cloí leis an reachtaíocht ábhartha i ndáil le clúdach árachais, sonraí úinéireachta agus rialaithe, agus infheidhmeacht airgeadais. Liostaíonn an tábla thíos na haerlínte Éireannacha ceadúnaithe ar fad (Catagóir A agus Catagóir B araon) amhail 31 Nollaig 2009.

Tábla3.1: Sealbhóirí ceadúnais aeriompróra

Sealbhóirí ceadúnais Chatagóir A	Sealbhóirí ceadúnais Chatagóir B
➤ Aer Lingus Teoranta	➤ CHC (Éire) Teoranta
➤ Air Contractors (Éire) Teoranta	➤ Executive Helicopter Maintenance Teoranta
➤ AirlinK Airways Ltd T/A Private Sky	➤ Gaelic Helicopters Ltd
➤ CityJet Teoranta	➤ Galway Aviation Services Ltd T/A Aer Arann Islands
➤ Comhfhorbairt (Gaillimh) T/A Aer Arann	➤ Irish Helicopters Teoranta
➤ Ryanair Teoranta	➤ Metro Helicopters Teoranta
➤ Starair (Éire) Teoranta	➤ Premier Aviation Teoranta
➤ Westair Aviation Teoranta	➤ Premier Executive Jets Teoranta
	➤ Premier Helicopters Teoranta
	➤ Sky West Aviation Teoranta

Monatóireacht ar infheidhmeacht airgeadais na gceadúnaithe

I gcomhthéacs an choir chun donais eacnamaíoch dhomhanda, bhí an Coimisiún ag bailiú faisnéis airgeadais bhreise, i bhfoirm cuntais bhainistíochta de ghnáth, ó aeriompróirí Chatagóir A.

I mí Mheán Fómhair 2009, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar scóip agus mhinicíocht na faisnéise a lorgaíodh ar dtús agus chinn sé go bhféadfaí an dá rud a laghdú agus ról an Choimisiúin a chomhlíonadh ag an am céanna.

Saoráid iarratais ar líne

Le linn 2009, ghlac foireann cheadúnaithe an aerlíne páirt i dtionscadal a thosaigh ar fud na réimsí ceadúnaithe agus cosanta tomhaltóirí sa Choimisiún, agus is é an cuspóir ná feidhmiúlacht láithreán gréasáin an Choimisiúin a shíneadh sa dóigh go mbeifí ábalta iarratais a dhéanamh ar líne. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin tionscadal seo ar an gcaibidil *Feidhmeanna Riaracháin agus Dílíthiúla*.

Nóta Treorach ar Úinéireacht agus Rialú

Ag tarraingt as taithí le linn 2008 le déileáil le dhá chás chasta ar úinéireacht agus rialú, bhí an Coimisiún tiomanta do nóta treorach níos sonraithe ar riachtanais úinéireachta agus rialaithe i ndáil leis an Rialachán

um cheadúnú aerlíne a fhoilsiú. Is í aidhm an nóta treorach ná níos mó soiléireachta ar an gcóras a chur ar fáil d'iarrthóirí úra agus do shealbhóirí ceadúnais atá ann cheana. Tosaíodh obair maidir leis seo le linn 2009. Tá súil ag an gCoimisiún nóta treorach níos sonraithe ar na riachtanais a fhoilsiú le linn 2010.

Dioscaí Ceadúnais agus Feachtas Feasachta

Tá sé á éileamh ag an gCoimisiún ó bhí 2007 ann gur cheart do dhiosca ceadúnais a bheith ar taispeáint san aerárthach ábhartha a shonraíonn ainm an oibritheora, a n-uimhir cheadúnais agus clárúchán an aerárthaigh. Ag deireadh 2009, d'éisigh an Coimisiún iomlán de 33 diosca le haghaidh 2010 chuig na hoibritheoirí eitleáin bhig agus héilceaptair ar gach ceann de na haerárthaí a bhí liostaithe ar a dTeastais Aer-Oibritheora. Tá tabhairt isteach na ndioscaí ceadúnais ar chuid amháin d'fheachtas feasachta an Choimisiúin le cur i gcuimhne don phobal taistil nár chóir dóibh ach daoine a bhfuil Ceadúnas Oibriúcháin ina seilbh a fhostú. Ba chóir go n-aithneofaí láithreach iad tríd an diosca.

Figiúr 3.2: Diosca ceadúnas aeriompróra an Choimisiúin



In 2009, bhraith an Coimisiún laghdú suntasach i líon na ngearán a fuarthas i ndáil le hoibritheoirí neamhcheadúnaithe, i gcomparáid le blianta eile. B'fhéidir go mbaineann seo, i bpáirt, leis na laghdú i líon na héileacaptar cláraithe, an méadú i líon na héileacaptar le díol agus laghdú in éileamh go ginearálta.

Leanann an Coimisiún d'fheasacht a spreagadh trí mholadh a thabhairt don phobal a chinntiú go bhfuil d'oibritheoir ceadúnaithe agus de na rioscaí a bhaineann le taisteal le hoibritheoirí neamhcheadúnaithe a thabhairt chun suntais trína láithreán gréasáin agus eisiúint na ndioscaí ceadúnais.

Idirchaidreamh le gníomhaireachtaí rialála eile

Ag deireadh 2009, bhuaill an Coimisiún leis an ÚEÉ ag féachaint pholasaithe agus nósanna imeachta do chúrsaí ceadúnaithe aerlínte a bhaineann le hidirchaidreamh idir an dá Oifig a dhoiciméadú go foirmiúil. Cuirfidh an Coimisiún an sruth oibre seo chun cinn in 2010.

Executive Helicopter Maintenance Teoranta

I mí na Samhna 2009, thionscain Executive Helicopter Maintenance Teoranta imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh i gcoinne an Aire Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus Eile i ndáil le conradh aeriompróirí d'oibleagáid seirbhíse poiblí a dhámhachtain d'Oileáin Aer Árann maidir le heitiltí chuig Oileáin Árann. Ar 16 Nollaig i ndiaidh Fhógra Tairisceana an Choimisiúin a éisteacht, rinne an Ard-Chúirt an Coimisiún a urscaoileadh mar Pháirtí Fógra ó na himeachtaí seo agus dhámh siad costais na Tairisceana sin don Choimisiún.

Clár Oibre do 2010

Sprioc	Gníomhartha leis an sprioc a bhaint amach
A chinntiú go gcomhlíonann na sealbhóirí ceadúnais riachtanais na reachtaíocht	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Iniúchadh a dhéanamh ar an fhaisnéis airgeadais agus árachais a sholáthraítear gach bliain arna éileamh ag an reachtaíocht ➤ Ceanglas ar roinnt de shealbhóirí ceadúnais Chatagóir A le nuashonruithe níos rialta maidir le hinfheidhmeacht airgeadais a sholáthar don Choimisiún ➤ Athbhreithniú a dhéanamh ar cheadúnais oibriúcháin an dá chuideachta in 2010
Tuisint níos fearr ar an gcóras ceadúnaithe a chur chun cinn i measc na sealbhóirí ceadúnais	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Treoir a fhoilsiú ar riachtanais úinéireachta agus rialaithe na reachtaíochta
Feasacht ar an gcóras ceadúnaithe a chur chun cinn i measc an phobail i gcoitinne	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Dioscaí ceadúnais a eisiúint chuig gach oibritheoir héileacaptair agus eitleáin bhig do 2011
Aistriú go próiseas ceadúnaithe ar líne	<ul style="list-style-type: none"> ➤ An chéim um “Thástáil Glactha Úsáideoirí” a chur i gcrích ➤ Córas úr a lainseáil in 2010

CEADUITHE DO LÁIMSIÚ AR TALAMH

Ról an Choimisiúin

Ní mór do chuideachtaí cead roimh ré a fháil ón gCoimisiún sula mbíonn siad bainteach in oibríochtaí láimhsithe ar talamh ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí nó na Sionainne. Déantar ceaduithe láimhsithe ar talamh a eisiúint le haghaidh tréimhse cúig bliana agus tá cead faoi réir go sásaíonn an sealbhóir rialacha faoi leith i gcónaí. Áirítear leis seo na riachtanais dhlíthiúla, cosúil le hinfheidhmeacht airgeadais, a chomhlíonadh, an t-árachas riachtanach a bheith acu, agus cumas teicniúil a bheith acu. I ndiaidh cúig bliana, is féidir ceaduithe láimhsithe ar talamh a athnuachan nuair a bhíonn próiseas athnuachana an Choimisiúin curtha i gcrích.

Go ginearálta cuimsíonn láimhsiú ar talamh na seirbhísí a theastaíonn ó aerárthach idir tuirlingt agus imeacht. Áirítear leis na príomhghníomhaíochtaí láimhsithe ar talamh an méid seo a leanas: aerárthaí a chogairsiú, luchtú/díluchtaú, athbhreoslú, láimhsiú bagáiste, láimhsiú paisinéirí, cothabháil aerárthaí. D'fhéadfadh sé go roghnódh aerlíne seirbhísí a sholáthar di féin (féinláimhsiú), nó conradh a dhéanamh le cuideachta eile (láimhsiú tríú páirtí), cé acu aerlíne nó cuideachta láimhsithe ar talamh thiomanta atá ann.

Níl freagracht ar bith ar an gCoimisiún as déileáil le fiosruithe paisinéirí faoi bhagáiste a cailleadh nó faoi bhagáiste atá damáiste nó go ginearálta as eadránú a dhéanamh i gcásanna míshástachta le láimhseálaí ar talamh.

Ceaduithe agus Comhlíonadh

Ag deireadh 2009 bhí 12 fhéinláimhseálaí faofa agus 41 soláthraí faofa de sheirbhísí láimhsithe ar talamh (nó láimhseálaithe tríú páirtí) ag oibriú ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí nó na Sionainne. As na féinláimhseálaithe, rinneadh triúir acu a fhaomhadh le seirbhísí a sholáthar chuig tríú páirtithe.

Le linn 2009, dheonaigh an Coimisiún cead úr d'fhéinláimhsiú ar talamh ar an aerlíne Jet2.com Teo, agus trí chead úra do láimhsiú ar talamh tríú páirtí ar: Dublin Aerospace Teoranta, Nayak Aircraft Service Netherlands BV agus Bond Air Services (Éire) Teoranta. D'fhritháirigh trí pháirtí é seo

trína gceaduithe a ghéilleadh go deonach: d'iarr cuideachta aerlíne amháin, SAS, a bhí ina shealbhóir ar chead féinláimhsithe agus ar chead láimhsithe tríú páirtí araon go gcuirfí deireadh leis an dá chead toisc gur chiallaigh athrú ina gcuid gníomhaíochtaí ag aerfort Bhaile Átha Cliath nach raibh cead an Choimisiúin de dhíth orthu níos mó. Ina theannta sin, ghéill dhá fhéinláimhseálaí tríú páirtí, Aviance UK Limited agus SR Technics Ireland Teoranta, a gceaduithe toisc nach raibh siad ag oibriú in Éirinn níos mó. Déantar Ceaduithe do Láimhsiú ar Talamh a eisiúint le haghaidh tréimhse cúig bliana. Le linn 2009, d'éag Ceaduithe do Láimhsiú ar Talamh a bhí ag ceithre chuideachta agus d'éirigh leis an gcuideachta aerlíne/láimhsithe lena mbaineann iad a athnuachan. Déantar gníomhaíocht láimhsithe ar talamh a achoimriú sa dá thábla seo a leanas:

Tábla 4.1: Miondealú ar an ngníomhaíocht um cheadúnú láimhsithe ar talamh

	Féinláimhseálaithe	Láimhseálaithe tríú páirtí
Staid amhail 1 Eanáir 2009	12	41
Ceaduithe úra a eisíodh	1	3
Cúlghairmeacha	0	0
Géilleadh deonach cead	1	3
Cead a d'éag agus nach athnuadh	0	0
Staid amhail 31 Nollaig 2009	12	41

Tábla 4.2: Liosta na láimhseálaithe ar talamh faofa amhail deireadh 2009

Láimhseálaithe tríú páirtí	
A.T.R.S. Teoranta	Nayak Aircraft Service Netherlands BV
ACA Air Cargo Associates Limited T/A ACA International	Oceanbridge Groundhandling Ltd (Universal Aviation)
Air Atlanta Aero Engineering Limited	OCS One Complete Solution Limited
Air Contractors (Éire) Teoranta (*)	Servisair (Éire) Teoranta
AirOps Ltd	Shannon Aerospace Teoranta
Airport Ticketing and Travel Service Limited	Shell Aviation Ireland Teoranta
Alpha Flight Services (Éire) Teoranta	Signature Flight Support Dublin Teoranta
Bond Air Services (Éire) Teoranta	Signature Flight Support Shannon Teoranta
Delta Airlines Dublin Teoranta	Sky Handling Partner (Corcaigh)
Derichebourg Multiservices Limited	Sky Handling Partner (Corcaigh) Teoranta
DHL Express (Éire) Teoranta	Sky Handling Partner (an tSionainn) Teoranta
Dublin Aerospace Teoranta	South Aer Services Limited
EFG Inflight Limited	Specialist Airport Services (Éire) Teoranta T/A Fernley Airport Service
FBO Dublin Teoranta (T/A Landmark Aviation)	Tedcastles Aviation Fuels Limited
Fingal Aviation Services Teo.	Thomson Airways Limited (*)
Gate Gourmet Ireland Teoranta	TNT Express (Éire) Teoranta
Greencaps Limited	United Parcel Service of Ireland Limited
Hoyer Ireland Teoranta	US Alliance Flight Support Limited
ICTS (UK) Limited	Westair Aviation Limited (*)
Knights Cleaning Services Limited	Worldwide Flight Services (Éire) Teoranta
Monarch Aircraft Engineering Limited	

Féinláimhseálaithe	
Aer Lingus Teoranta	Irish Helicopters Teoranta
Air Contractors (Éire) Teoranta	Jet2.com Limited
CHC Ireland Teoranta	Ryanair Teoranta
CityJet Limited	Starair (Éire) Teoranta
Comhfhorbairt (Gaillimh) T/A Aer Arann	Thomson Airways Limited*
Delta Airlines Inc.	Westair Aviation Limited*

Nótaí: () Tá ceadúnas ag an cuideachtaí seo le haghaidh seirbhísí féinláimhsithe agus láimhsithe tríú páirtí araon. Tá tuilleadh eolais ar na sealbhóirí ceadúnais uile seo le fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin.*

Éilítear ar gach láimhseálaí ar talamh faisnéis airgeadais agus sonraí ar clúdach árachais nuashonraithe a chur ar fáil don Choimisiún gach bliain. Éilítear ar chuideachtaí láimhsithe ar talamh a sholáthraíonn seirbhísí chuig tríú páirtithe, faoin reachtaíocht, cuntais ar leithligh a chur isteach.

Forbairtí Eile

Le linn 2008, i bhfreagairt ar Athbhreithniú Éifeachtachta na Roinne Airgeadais, léiriú an Coimisiún go raibh scóip ann leis an leibhéal de rialú sa réimse láimhsithe ar talamh a laghdú. Go luath in 2009, thairg an Coimisiún moltaí don Roinn Iompair le haghaidh athraithe ar an ról láimhsithe ar talamh reatha. Táthar ag feitheamh ar fhreagairt ón Roinn.

Clár Oibre do 2010

Sprioc	Gníomhartha leis an sprioc a bhaint amach
<p>A chinntiú go gcomhlíonann sealbhóirí ceadúnais riachtanais na reachtaíochta</p>	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Leanúint de mhonatóireacht a dhéanamh ar chuideachtaí láimhsithe ar talamh le comhlíonadh na reachtaíochta a chinntiú. ➤ Iarratais ar bith ar cheaduithe láimhsithe ar talamh a mheas. ➤ Éagfaidh 17 gcead do láimhsíú ar talamh in 2010. Cuirfidh an Coimisiún foirmeacha athnuachana amach chuig na láimhseálaithe ábhartha uile agus scrúdóidh siad na hiarratais athnuaithe.
<p>A chinntiú go bhfuil an córas um láimhsíú ar talamh in Éirinn ar aon dul le rialacha agus rialacháin ábhartha an CE.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Leanúint de mhonatóireacht a dhéanamh ar réimsí suime i ndáil le láimhsíú ar talamh ag leibhéal AE.

CEADÚNÚ DO THRÁDÁIL TAISTIL

Ról an Choimisiúin

Éilítear ar thionscnóirí turas agus ar ghníomhaireachtaí taistil a bheith ceadúnaithe agus faoi bhanna d'fhonn taisteal thar lear a dhíol nó tairiscint a dhéanamh lena dhíol ag tosú laistigh den Stát go dtí ceannphointí lasmuigh den Stát.

Déanann an Coimisiún:

- gníomhaireachtaí taistil agus tionscnóirí turas a dhíolann taistil thar lear a cheadúnú;
- scéim faoi bhanna le haghaidh gníomhaireachtaí taistil agus tionscnóirí turas a riaradh;
- éilimh le haghaidh aisíocaíochtaí agus aisdiúchithe sa chás go scoirfeadh gníomhaireacht taistil nó tionscnóir turas dá ngnó a phróiseáil;
- cásanna de thrádáil neamhceadúnaithe líomhainte a imscrúdú agus, más gá, trádálaithe dá leithéidí a ionchúiseamh.

Ní chuimsíonn ról an Choimisiúin an méid seo a leanas:

- socruithe taistil le haghaidh taisteal intíre in Éirinn a cheadúnú;
- gearáin tomhaltóirí faoi ghníomhaireachtaí taistil agus thionscnóirí turas, óstáin, bhagáiste nó aerlínte a láimhseáil;
- gearáin faoi fhógraíocht (ach amháin má bhaineann sé le trádáil neamhceadúnaithe féideartha) a láimhseáil.

Gníomhaíocht agus Comhlíonadh Ceadúnaithe


In 2009, dheonaigh an Coimisiún ceadúnais ar 304 gnóthas i gcomparáid le 356 in 2008, laghdú de 52 nó 15% don bhliain. Bunaithe ar idirghníomhaíochtaí an Choimisiúin le cuideachtaí trádála taistil, léiríonn an laghdú i líon na sealbhóirí ceadúnais fachtóirí cúlaithe gearrthéarmacha chomh maith le fachtóirí fadtéarmacha, cosúil leis an treocht méadaithe i ndáil le tomhaltóirí ag déanamh a socruithe taistil féin go díreach leis na soláthraithe, trí thaisteal agus chóiríocht a cheannach ar an idirlíon go príomha.

Tábla 5.1: Miondealú ar an ngníomhaíocht um cheadúnú trádála taistil in 2009

	Gníomhaireachtaí Taistil	Tionscnóirí Turas	Iomlán
Sealbhóirí ceadúnais amhail 1 Eanáir 2009	290	66	356
Ceadúnais Úra	10	3	13
Ceadúnais nach in-athnuadh	-37	-7	-44
Cuideachtaí trádála taistil ar theip orthu	-17	-4	-21
Sealbhóirí ceadúnais amhail 31 Nollaig 2009	246	58	304

Nóta: Rinne Tuarascáil Bhliantúil 2008 sé Gníomhaireacht Taistil a chatagóiriú go lochtach mar Thionscnóirí Turas, ag rá gurbh ionann líon iomlán na dtionscnóirí turas ag deireadh 2008 agus 72. Is é an figiúr ceart ná 66. Ní raibh difear ar bith sna figiúirí iomlána.

Ó bunaíodh an Coimisiún in 2001, tá laghdú de thart ar 28%, ó 419 in 2001 go 304 in 2009, tagtha ar fhigiúr na sealbhóirí ceadúnais, mar a léirítear san fhigiúr thíos. Tharla tromlach an laghdaithe i measc gníomhaireachtaí taistil ceadúnaithe, áit a bhfuil céadatán na titime (30%) i bhfad níos airde ná an figiúr do na tionscnóirí turas ceadúnaithe (17%). Tá iarmhairt an chúlaithe in 2008 – 2009, in aghaidh treochtaí fadtéarmacha san earnáil, le feiceáil go soiléir ón bhfigiúr fosta.

Figiúr 5.2: Líon na sealbhóirí ceadúnais don trádáil taistil 2001 - 2009

Ceisteanna dlíthúla sa réimse um cheadúnú trádála taistil

1. Budget Travel Limited

I mí na Samhna 2009, thionscain Budget Travel Limited achomharc in éadan dhiúltú an Choimisiúin ceadúnas gníomhaireacht taistil nó ceadúnas tionscnóir turas a dheonú air. Thionscain sé imeachtaí athbreithnithe bhreithiúnaigh fosta i ndáil leis an ábhar céanna. Ar 25 Samhain 2009 chuaigh Budget Travel Limited faoi leachtú go deonach. I mí Feabhra 2010 chuir an Leachtóir a rún in iúl don Choimisiún maidir leis an athbhreithniú breithiúnach agus leis na himeachtaí achomhairc a thréigeadh faoi réir cead a fháil ón gCúirt maidir leis seo. Dá bhrí sin tá críoch na n-imeachtaí seo ar feitheamh.

2. Manorcastle Limited ag trádáil mar United Travel

I mí na Samhna 2008, d'éist an Ard-Chúirt achomharc a rinne Manorcastle Teoranta, a bhí ag trádáil mar United Travel, i gcoinne chinneadh an Choimisiúin gan ceadúnas a dheonú ar Manorcastle Teoranta le trádáil mar thionscnóir turas. Dhearbhaigh an Ard-Chúirt cinneadh an Choimisiúin agus d'ordaigh sí go n-íocfadh Manorcastle Teoranta costais an Choimisiúin sa chás sin nuair a dhéanfaí amach iad, cáin a ghearradh ar na costais sin d'éagmais comhaontaithe. Theip ar Manorcastle Teoranta comhaontú le costais an Choimisiúin nó freagairt a thabhairt don chomhfhreagras dlíthiúil ar an ábhar agus dá bhrí sin gearradh cáin ar na costais. Theip ar Manorcastle Teoranta teacht roimh Mháistir Fómhais na hArd-Chúirte a dhámh costais trí ordú arna dhátú 26 Samhain 2009 de €98,643.77 don Choimisiún. D'ainneoin éileamh ar Manorcastle Teoranta costais an Choimisiúin an íoc sa chás sin, theip air é seo a dhéanamh. Tá ionadaithe dlíthiúla an Choimisiúin ag leanúint den chúrsa seo.

I gcaingean eile, i mí na Bealtaine 2009, thionscain Manorcastle Teoranta, a bhí ag trádáil mar United Travel, an dara sraith de himeachtaí in achomharc i gcoinne chinneadh an Choimisiúin gan ceadúnas gníomhaireacht taistil nó tionscnóir turas a dheonú air i ndiaidh iarratas chuig an gCoimisiún go luath in 2009. Thréig Manorcastle Teoranta an t-achomharc seo agus ar 12 Deireadh Fómhair 2009 dhámh an Ard-Chúirt costais don Choimisiún; ghearrfaí cáin ar na costais sin d'éagmais comhaontaithe. Tá an próiseas maidir leis an gCoimisiún na costais sin a fháil ar ais ó Manorcastle Teoranta ar siúl fós.

3. Failte Travel Teoranta

I mí Eanáir 2009, rinne an Coimisiún achainí chuig an Ard-Chúirt maidir le Leachtóir a cheapadh le Fáilte Travel Teoranta a fhoirceannadh, tionscnóir turas ar theip air, ar an mbonn go raibh thar €1.4m le híoc aige don Chiste Cosanta Taistealaithe. Cheap an Ard-Chúirt an tUasal Declan Taite ó FGS mar Leachtóir le tús a chur ar an bpróiseas foirceanta. I mí Feabhra agus mí na Samhna 2009 chuir an tUasal Taite a chéad dhá Thuarascáil maidir leis an leachtú i láthair na hArd-Chúirte. Ar 25 Eanáir 2010 rinne an Ard-Chúirt Ordú a d'ordaigh íocaíocht as costais a thabhaigh an Coimisiún, an Leachtóir agus aturnaetha an Leachtóra go dtí seo sa leachtú, go comhaontófaí costais an Choimisiúin leis an leachtóir. Tá an próiseas leachtaithe ar siúl fós.

Tabhairt Isteach na Foirme d'Iarratais ar Cheadúnais ar líne

Mar a léirítear i dTuarascáil Bhliantúil 2008, thiomnaigh an Coimisiún é féin d'Fhoirm d'Iarratais ar Cheadúnais ar líne a thabhairt isteach in 2009. Forbraíodh an fhoirm seo i rith an chéad leath de 2009, agus bhí sé ar fáil do bhabhta ceadúnaithe na Samhna.

Tá an Coimisiún buíoch as comhoibriú an tionscail leis an tionscadal seo, agus leo siúd a sholáthair aiseolas ar an gcóras úr.

Tá tabhairt isteach na Foirme d'Iarratais ar Cheadúnais don trádáil taistil mar chuid de thionscadal níos leithne atá á chur i bhfeidhm sa Choimisiún, ar a bhfuil níos mó plé sa chaibidil *Feidhmeanna Riaracháin agus Dílíthiúla*.

An Treoir um Sheirbhísí

Le linn 2009, d'oibrigh an Coimisiún leis an Roinn Iompair agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) maidir le hanailís a dhéanamh ar an iarmhairt ar reachtaíocht reatha trádála taistil na Treorach Eorpaí um Sheirbhísí (2006/123/CE).

Athbhreithniú an Choimisiúin Eorpach ar an Treoir maidir le Saoirí Pacáiste

In 2009, thionscain an Coimisinéir Eorpach um Ghnóthaí Tomhaltóirí a bhí ann ag an am, an tUasal Meglena Kuneva athbhreithniú ar an Treoir um Shaoirí Pacáistí a bhí ann cheana, ag féachaint do go mb'fhéidir go bhféadfaidh an córas cosanta tomhaltóirí a bhaineann le tionscnóirí turas

agus gníomhaireachtaí taistil a shíneadh go haerlínthe. Oibreoidh an Coimisiún leis na Roinn Iompair ar fhreagairt Éireannach ar athbhreithniú ar bith (uair amháin a fhoilseofar é).

An Ciste Cosanta Taistealaithe

Tá an Coimisiún freagrach ar an Ciste Cosanta Taistealaithe a riaradh. Rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste athbhreithniú ar na cuntais don chiste seo. Úsáidtear na cistí áit nach gclúdaíonn na bannaí a sholáthraíonn tionscnóirí turas agus gníomhaireachtaí taistil costais iomlána aisdiúchithe, aisíocaíochtaí do chustaiméirí agus costais riaracháin an Choimisiúin i ndáil le héilimh a phróiseáil. Déantar achoimre thíos ar na méideanna a íocadh amach as an gciste in 2008 agus 2009. Ag deireadh 2009, ba ionann luach na nglansócmhainní i ndrúachtchuntais an CCT agus €5,740,435, i gcomparáid le €6,492,136 do dheireadh 2008.

Tábla 5.3: Íocaíocht d'éilimh ón gCiste Cosanta Taistealaithe

	2009	2008
Íocaíocht d'éilimh ón gCiste Cosanta Taistealaithe	€786,189	€1,585,577

Nóta: (a) tagraíonn figiúr 2009 do dhrúachtchuntais an CCT don bhliain sin.

Loiceadh Cuideachtaí

Ba bhliain dheacair í 2009 don trádáil taistil inár loic buaiclón de (19) gcuideachta, ag tabhairt cuntais do 21 ceadúnas (tá ceadúnas TA agus TO beirt ag roinnt cuideachtaí). Ó bunaíodh an Coimisiún, in 2001, is ionann an líon iomlán de ghnóthais trádála taistil a loic ná 44. Dá bhrí sin, tharla an chuid is mó den loiceadh ó 2001 in 2009.

Déanann an tábla thíos achoimre ar líon na n-éileamh, líon na bpaisinéirí ar cuireadh isteach orthu, agus éilimh a íocadh amach maidir le gnóthais trádála taistil loicthe in 2009. As líon iomlán na gcuideachtaí loicthe in 2009, tharla an cion is mó sa ráithe dheireanach. Dá bhrí sin, tá líon éileamh maidir leis na gnóthais seo á bpróiseáil fós. Is é seo an cás go háirithe do Budget Travel Ltd., áit a bhfuiltear ag súil go méadóidh luach iomlán na n-éileamh a íocadh amach go dtí seo, faoi €0.9 mhilliún go díreach.

Is iad an cineálacha éilimh a chuirtear isteach chuig an gCoimisiún de ghnáth ná pleananna taistil le haghaidh líon daoine aonair éagsúla. In 2009, bhí meán de thrí chustaiméir i leith gach éilimh a fuarthas. Dá bhrí

sin, cé gurbh é an líon iomlán d'éilimh a fuair an Coimisiún ná 4,663, bhí an líon iomlán de chustaiméirí a bhí i gceist níos gaire do 13, 000. I gcás Budget Travel Limited féin, táthar ag súil mbeidh níos mó ná 6,000 custaiméir i gceist san fhigiúr seo, a luaithe is a bheidh próiseáil na n-éileamh curtha i gcrích.

Tá sé tábhachtach fosta a léiriú nach gá go mbeidh gach éileamh i leith aisíocaíochta a fhaigheann an Coimisiún i dteideal aisíocaíocht iomlán a fháil. Tarlaíonn sé seo de bhrí, i roinnt cásanna, go mb'fhéidir nach mbeadh na seirbhísí a ceannaíodh clúdaithe ag an reachtaíocht, agus mar sin d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé iníoctha ó bhanna na cuideachtaí loicthe. Is é sampla coitianta nó áit a gceannaíonn custaiméir an ghné chóiríochta dá shaoire ó chuideachta trádála taistil, ach ní an ghné taistil den saoire.

Tábla 5.4: Achoimre ar ghníomhaíocht éileamh 2009

Ainm an ghnóthais um Thrádáil Taistil	Líon na n-éileamh (*)	Meánlíon na gcustaiméirí in aghaidh an éilimh	Luach iomlán na n-éileamh a íocadh (**)
Wondertravel Ltd	63	4	58,554
Grant Travel Ltd T/A Driftaway Travel	225	2	276,053
Mardan Ltd T/A Home and Abroad Travel	93	3	88,442
Dunne & King Travel Ltd T/A Lets Travel	17	2	16,445
The Travel Connection Ltd T/A Caribbean Collection	117	1	172,333
Cork City Travel Teo	63	3	52,184
Portlaoise Travel Teo	343	3	401,335
Oonagh O'Leary T/A Creation Travel	76	1	67,058
Analagh Ltd T/A Kells Travel/Swift Travel/Molloy Travel/Sundial Travel	97	3	157,075
Toolin Travel Ltd	368	3	484,642
Greystones Travel Teo	78	3	106,311
CanAmerica Travel Ltd T/A	123	3	130,403
Paul Buckley Travel (Charleville) Teo	29	2	24,953
Turing Ltd T/A Slattery's Travel/Stein Travel	701	2	545,686 ^a
Albemaríe Ltd T/A Tony Bond Travel	37	3	38,103 ^a
Thomas & Anne Killoran T/A Killorans Travel Agency	11	1	11,420
Budget Travel Ltd	2115	3	839,725 ^a
Donabate Travel Teo T/A Escape 2	75	2	0
Delta Travel Ltd	32	1	20,742
Iomlán	4,663	3	3,491,464

Nóta: (*) D'fhéadfadh sé go mbeadh pleananna taistil le haghaidh líon daoine i gceist le héilimh aonair. Ní fhaightear aisíocaíocht i gcás gach éilimh. (a) Tá éilimh atá á bpróiseáil le haghaidh roinnt cuideachtaí loicthe le cur i gcrích fós. Léiríonn na figiúirí a luaitear na hiomlána amhlaidh. (**) Ní hionann luach an éilimh agus costas iomlán na saoire i gcónaí. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh sé nach lorgaíodh na héilitheoirí ach, nó nach mbeadh siad ach incháilithe le haghaidh aisíocaíochtaí le haghaidh éarlaisí nó páirt-íocaíochtaí i ndáil le costas iomlán na saoire. Baineann na táblaí seo le cuideachtaí loicthe in 2009. D'fhéadfadh sé, áfach, gur eisíodh cuid de na héilimh le haghaidh aisíocaíochta go luath in 2010. Éilimh go mi Feabhra 2010.

Déanann foireann éileamh an Choimisiúin gach iarracht le héilimh i leith aisíocaíochtaí a phróiseáil go gasta agus go héifeachtach. Mar sin féin, tá sé tábhachtach go mbeifeá ar an eolas go bhféadfadh leis na cúinsí a bhaineann le gach cuideachta loicthe, agus na héilimh a bhaineann leis a bheith an-difriúil. Ina theannta sin, ciallaíonn nádúr na hidirghníomhaíochta a bhaineann le héileamh a phróiseáil go bhféadfadh sé a bheith casta. Go ginearálta, is féidir an leis an gcastacht seo a bheith inchurtha i leith roinnt fachtóirí, lena n-áirítear na cinn seo a leanas:

- Ceanglaítear ar an gCoimisiún íocaíochtaí agus áirithintí a fhíorú sula ndéantar aisíocaíocht ar bith a eisiúint. Ciallaíonn sé seo go gcaithfear córais chúloifige na cuideachta loicthe, lena n-áirítear faisnéis soláthraithe, córais áirithinte, córais chuntasaíochta agus faisnéis ar fháltais agus dhíolacháin, a dhiancheistiú go hiomlán. D'fhéadfadh sé go nglacfadh sé roinnt seachtainí sula gcuirtear na córais seo ar fáil don Choimisiún.
- Glacann éilimh ina bhfuil líon mór de chustaiméirí éagsúla, chomh maith le roinnt d'íocaíochtaí éagsúla thar am i gceist (.i. íocaíocht ar cuntas), níos faide le próiseáil de ghnáth. In 2009, bhain 51 de na héilimh a fuarthas le háirithintí le haghaidh 10 nduine nó níos mó. Níl sé neamhchoitianta grúpaí de os cionn 30 duine aonair a bheith ar éileamh singil.
- Éilíonn gach foirm éilimh ar an éilitheoir mionfhaisnéis a chur ar fáil, lena n-áirítear cruthú ceangailte ar íocaíochtaí. Áit nach gcuirfear faisnéis dá leithéid ar fáil ag an tosach, d'fhéadfadh sé go nglacfadh níos faide le héileamh a phróiseáil. Áit a dtarlaíonn fadhbanna den sórt sin, áfach, coinníonn an fhoireann éileamh dlúth-theagmháil leis an éilitheoir d'fhonn cúrsaí a éascú.
- Is féidir leis an gcineál íocaíochta i ndáil leis an tsaoire féin, agus an dóigh ina ndéantar íocaíochtaí dá leithéidí a phróiseáil trí chóras cúloifige na cuideachta loicthe, dul i bhfeidhm ar am próiseála éilimh. Lena chois sin, corrúair tarlaíonn sé go nglacann íocaíochtaí cárta creidmheasa níos faide le próiseáil. Tarlaíonn sé seo toisc le híocaíochtaí cárta creidmheasa, caithfidh éilitheoirí an ráiteas cárta creidmheasa a thaispeánann cruthúnas ar íocaíocht na saoire a chur isteach, agus an ráiteas cárta creidmheasa ábhartha a thaispeánann nach bhfuarthas aisíocaíocht cheana a chur isteach.

Clár Oibre 2010

Sprioc	Gníomhartha leis an sprioc a bhaint amach
<p>Leanúint den scéim ceadúnaithe agus den scéim faoi bhanna le haghaidh cuideachtaí trádála taistil in Éirinn a riar.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Gach iarratas ar cheadúnais úra in 2010 a phróiseáil ar bhealach tráthúil ➤ Leanúint den fhoirm d'iarratais ar cheadúnais ar líne a rolladh amach, ag forbairt ar aiseolas ón tionscal in 2009 ➤ Más gá, éilimh ar aisíocaíochtaí agus aisdiúcháin a phróiseáil ➤ Cásanna de thrádáil neamhcheadúnaithe líomhainte a imscrúdú
<p>Déan réidh don iarmhairt a d'fhéadfadh a bheith ag reachtaíocht Eorpach ar obair an chórais um trádáil taistil reatha in Éirinn</p>	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Idirchaidreamh a dhéanamh leis an Roinn Iompair agus leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir le hanailís a dhéanamh ar an Treoir Eorpach um Sheirbhísí (2006/123/CE) ar reachtaíocht reatha na trádála taistil in Éirinn ➤ Tá sé léirithe ag an gCoimisiún Eorpach go bhfoilseoidh sé "Athbhreithniú ar Shaoirí Láneagraithe" gan mhoill. Oibreoidh an Coimisiún leis an Roinn Iompair le freagairt Éireannach don athbhreithniú a chomhordú, a luaithe is a fhoilseofar é

CEARTA AERPHAISINÉIRÍ

Ról an Choimisiúin

Is é an Coimisiún an comhlacht forfheidhmithe náisiúnta don Rialachán Eorpach lena mbunaítear na comhrialacha ar chúiteamh agus chúnamh do phaisinéirí sa chás nach ligfí dóibh dul ar bord aerárthaigh, moilleanna fada nó cealú eitiltí (Rialachán CE261/2004).

Ceanglaíonn Airteagal 16 den Rialachán seo ar gach Ballstát comhlacht a bheidh freagrach as forfheidhmiú i ndáil le heitiltí a eitlíonn amach as aerfoirt suite ina chríoch agus eitiltí a eitlíonn isteach sna haerfoirt sin ó thríú tíortha ¹ ar Iompróirí atá ceadúnaithe ag an gComhphobal a ainmniú.

Tá sainróil ag an gCoimisiún sna réimsí seo a leanas:

- láimhsiú gearán
- monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin ag aeriompróirí
- bheith rannpháirteach leis an gCoimisiún Eorpach agus le comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta eile le cur i bhfeidhm comhchuibhithe den Rialachán a phlé
- bearta forfheidhmithe i gcoinne aeriompróirí neamhchomhlíonta a ghlacadh más cuí

Tá an Coimisiún freagrach as an Rialachán a fhorfheidhmiú i ndáil le naoi n-aerfort na hÉireann ar fad.


Líon na ngearán a fuarthas

In 2009, fuair an Coimisiún iomlán de 2,495 fiosrú ón bpobal. Bhain cuid de na fiosruithe seo le cúrsaí nach dtagann faoi choimirce na hOifige, m.sh., fiosruithe a bhain le bagáiste a cailleadh, a raibh moill air nó a rinneadh damáiste de.

¹ Is iad tríú tíortha ann ná tíortha nach bhfuil sa Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach.

As na 2,495 fiosrú a fuarthas, ba ghearáin bhailí a bhí iontu faoi Rialachán 261/ 2004. Is é an líon de ghearáin in aghaidh na 100,000 paisinéir a iompraíodh ná 1.2. Cuirtear an leibhéal seo de ghearáin i gcomparáid le tíortha Eorpacha eile sa chairt thíos.


Figiúr 6.1: Gearáin in aghaidh 100,000 paisinéir a iompraíodh, 2007 agus 2008



Foinse: An Coimisiún Eorpach, Torthaí Staitisticí CFN i ndáil le Rialachán 261/2004, Feabhra 2010.

As na 311 gearán a fuarthas in 2009, bhain 172 acu le heitiltí ag eitilt amach as aerfort AE lasmuigh den Stát. Cuireadh na gearáin seo ar aghaidh chuig an gcomhlacht forfeidhmithe náisiúnta ábhartha toisc nach raibh aerfort na heitiltí amach faoi dháil an Choimisiúin.

Figiúr 6.2: Miondealú ar ghearáin a fuair an Coimisiún



Is iad na gearáin a thagann faoi choimirce Rialachán 261/ 2004 ná na cinn a bhaineann le:

- cealuithe ag an aeriompróir
- moilleanna eitilte de os cionn 2 uair
- diúltaíodh don phaisinéir dul ar bord
- íosghrádú


Faoi mar a bhí in 2008, bhain tromlach na ngearán a fuarthas in 2009 le cealuithe eitilte agus moilleanna fada. In 2008, ba ionann an scair d'iomlán na ngearán ar a dtugtar cuntas sa dá chatagóir seo agus 89%, i gcomparáid le figiúr de 85% in 2009. Cuirtear miondealú ar an cineál gearáin a fuarthas sa tábla thíos.

Tábla 6.3: Miondealú ar ghearáin in 2009

Cineál gearáin	Pléite ag C.A.R	Pléite ag N.E.B eile	Líon iomlán na ngearán	%
Cealuithe	108	96	204	66%
Moill fhada	10	50	60	19%
Níor tugadh cead dul ar bord	21	23	44	14%
Íosghrádú	0	0	0	0%
Eile ²	0	3	3	1%
Iomlán	139	172	311	100%

I gcomhthéacs an phatrúin d'fhiosruithe agus de ghearáin i rith na bliana, tá an claonadh aige chun an patrún séasúrach i líon na bpaisinéirí ag dul tríd aerfoirt na hÉireann a leanúint. Léiríonn an figiúr thíos an líon fiosruithe a fuarthas in 2009 ar bhonn míosúil, taobh le figiúirí míosúla le haghaidh figiúirí aerphaisinéirí sa Stát.

Figiúr 6.4: Fiosruithe a fuarthas in aghaidh na míosa, 2009



Foinse: Tá sonraí ar thrácht paisinéirí do 2009 le fáil ó CSO

² Léiríonn an chatagóir "Eile" gearáin a thagann de réir chuma faoi choimirce Rialachán (CE) 261/2004 ach beidh gá leis an gcomhlacht forfheidhmithe náisiúnta ábhartha tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh d'fhonn é seo a dhearbhu.

Réiteach na nGearán

As na 139 gearán a fuarthas in 2009, a leithreasaíodh chuig an gCoimisiún, cuireadh 93 i gcrích. Déantar toradh deiridh na 93 cás sin a achoimriú mar a leanas:

- I 13 chás fuair an paisinéir cúiteamh;
- I 25 cás fuair an Coimisiún aisíocaíocht don phaisinéir i ndáil leis na costais a thabhaigh siad mar thoradh ar an gcur isteach ar an eitilt;
- I 20 cás chruthaigh an t-aeriompróir gur tharla "...cúinsí neamhghnáchacha nárbh fhéidir iad a sheachaint fiú dá nglacfaí gach beart réasúnta³" agus díolmhaíodh iad ina dhiaidh sin as cúiteamh a íoc;
- I 30 cás, rinne an paisinéir an gearán a aistarraingt nó, i ndiaidh fiosruithe, measadh nach raibh sé inmhharthanach faoi théarmaí an Rialacháin. Cuireadh comhairle ar na roghanna réiteach gearáin eile a bhí ar fáil ar fáil do na paisinéirí sna cásanna seo;
- I gcúig chás, thaifead an Coimisiún sáruithe ar an Rialachán. De bharr nádúr na sáruithe a bhí i gceist, áfach, níor íocadh cúiteamh airgid ar bith leis na paisinéirí.

Leanann an Coimisiún d'fhiosrú a dhéanamh ar na 46 gearán eile.

Tábla 6.5: Miondealú ar ghearáin a réitíodh in 2009

Réiteach	Líon na nGearán	% den iomlán
Cúiteamh íoctha ag aerlínte	13	14
Aisíocaíocht a fuarthas	25	27
Cúinsí neamhghnácha a cruthaíodh	20	22
Gearán a aistarraingíodh nó nár coinníodh	30	32
Sárú a taifeadadh	5	5
Iomlán na gcásanna a réitíodh	93	100%

³ Féach Airteagal 5(3) de Rialachán 261/ 2004.

Gníomhaíochtaí bainteacha

Lean an Coimisiún ag buaileadh leis an gCoimisiún Eorpach agus le comhghleacaithe ó na Comhlachtaí Forfheidhmithe Náisiúnta i mballstáit eile le linn 2009. Thug na cruinnithe seo deis do na comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta plé a dhéanamh, go sonrach, ar impleachtaí cuid de na cinntí a rinne Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) le deanaí i ndáil le cásanna a tarchuireadh chuici faoin Rialachán.

Beidh gá chomh maith le tuilleadh plé d'fhonn cur i bhfeidhm comhchuibhithe de chinneadh na Cúirte a bhaint amach i ndáil le breithiúnas an CBAE i gcuid de na cásanna seo ⁴⁻⁵ - ag teacht chun na tuairime mar a tháinig sí, mar shampla, gur cheart cúiteamh a íoc i gcás moille

I rith 2009 lean an Coimisiún de bheith rannpháirteach le haeriompróirí faoi láimhsiú gearán agus comhlíonadh foriomlán an Rialacháin. Le linn 2009, rinneadh 11 iniúchadh ar fud na naoi aerfort laistigh den dlínse lena chinntiú go rabhthas ag cloí le hAirteagal 14 (1) den Rialachán. Éilíonn Airteagal 14 (1) ar aeriompróirí faisnéis a thaispeáint ag an deasc seiceála isteach agus faisnéis a chur ar fáil do phaisinéirí a bhfuil a eitilt curtha ar ceal, moillithe, nó sa chás nár ligeadh dóibh dul ar bord chomh maith. Chloígh na haeriompróirí uile leis an riachtanas seo in 2009.

Imeachtaí tábhachtacha eile

I 2009 ghlac an Coimisiún páirt in aonach Holiday World dá dhara bliain i ndiaidh a chéile, agus ba í an fheidhm a bhí aige nó feasacht an phobail ar Rialachán 261 a mhéadú. D'éirigh go maith leis an ngealltanas seo i ndáil le cearta an phobail taistil a thabhairt chun suntais agus fiosruithe ar bith a thug siad chun cinn a phlé.

Leanann an Coimisiún dá chinntiú go ndéantar a láithreán gréasáin a nuashonrú go rialta agus go léiríonn sé ceisteanna reatha ar bith a d'fhéadfadh dul i gcion ar chearta paisinéirí. De réir an tsuirbhé "Barometer" a rinne an Coimisiún Eorpach in 2009 d'éirigh le hiarrachtaí an Choimisiúin cearta aerphaisinéirí laistigh den Stát a chur chun cinn. Léiríonn an staidéar seo go bhfuil leibhéal na feasachta i leith cearta

⁴ Áit ar mhair an mhoill sin trí huair ar a laghad, agus sa chás nach raibh an t-aeriompróir ábalta a chruthú gur tharla sé sin de bharr cúinsí neamhghnáchacha nárbh fhéidir iad a sheachaint fiú dá nglacfaí gach beart réasúnta.

paisinéirí ag méadú in Éirinn. Is féidir toradh iomlán an tsuirbhé a fheiceáil trí dhul isteach ar láithreán gréasáin “Europa” an Choimisiúin Eorpaigh.

Clár Oibre do 2010

Sprioc	Gníomhartha leis an sprioc a bhaint amach
Feasacht an phobail ar cheisteanna ar chearta paisinéirí a mhéadú	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Freastal agus taispeáin ag Holiday World 2010. ➤ Leanúint de thuarascálacha débhlíantúla a dhéanamh achoimre ar threochtaí sna gearáin a fhaightear a fhoilsiú.
A chinntiú go leanfaidh aerlínte ag cloí lena n-oibleagáidí faoi Rialachán CE 261/2004.	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Iniúchtaí leanúnacha ar gach ceann de naoi n-aerfort na hÉireann. ➤ Más gá, gníomhartha forfheidhmithe i gcoinne aeriompróirí neamhchomhlíonta a ghlacadh.
A chinntiú go bhfuil cur i bhfeidhm praiticiúil de na rialacháin in Éirinn comhsheasmhach le dlí an AE.	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Tuilleadh anailíse a dhéanamh ar bhreithiúnais an CJEU i ndáil le cásanna a tarchuireadh chuici faoin Rialachán. ➤ Tá an Coimisiún ag feitheamh ar nóta treorach foirmiúla maidir leis seo ón gCoimisiún Eorpach.

DAOINE FAOI MHÍCHUMAS LUAINECHTA

Ról an Choimisiúin

Is é an Coimisiún an comhlacht forfheidhmithe náisiúnta (CFN) maidir le Rialachán CE 1107/2006, a bhaineann le cearta daoine faoi mhíchumas agus daoine faoi mhíchumas luaineachta nuair a bhíonn siad ag taisteal trí mhodh aeir.

Tá an Coimisiún freagrach as forfheidhmiú an Rialacháin seo i ndáil le heitiltí ag eitilt amach as aerfoirt laistigh den chríoch seo agus eitiltí isteach go haerfoirt as tríú tíortha⁶ ar Iompróirí ceadúnaithe ag an gComhphobal.

Tá an Coimisiún freagrach as cur i bhfeidhm sásúil Airteagal 8 den Rialachán seo, a bhaineann leis an bhfreagracht as cúnamh a thabhairt do phaisinéirí faoi mhíchumas luaineachta ag aerfoirt a chinntiú.

Tá an Coimisiún freagrach as forfheidhmiú an Rialacháin i ndáil le naoi n-aerfort na hÉireann ar fad.

Iomlán na nGearán a Fuarthas

I rith 2009, fuair an Coimisiún iomlán de 14 ghearán, 12 acu a bhain le sárúithe líomhanta ar an Rialachán a rinne aeriompróirí agus dhá cheann acu a bhain le sárúithe líomhanta a rinne comhlachtaí bainistíochta aerfoirt. Ina theannta sin fuair an Oifig a lán fiosruithe – cuid acu a bhain le cúrsaí nach sárúithe ar an Rialachán iad⁷.

6 Is eard is tríú tíortha ann ná tíortha nach páirtí iad sa Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach.

7 D'fhéadfadh sé go dtarlódh sé seo, d'ainneoin na mbuarthaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn, de bharr go gur chinn na paisinéirí iad féin gan dul ar aghaidh leis an áirithint nó ina mhalairt sin, thaistil sin laistigh de na paraméadair a cheadaíonn an t-aeriompróir.

Mar a bhí in 2008, bhí na gearáin sin a fuarthas an-éagsúil ina scóip, léiriú ar an raon leathan de ghníomhaíochtaí a chlúdaíonn an Rialachán. Is é seo a leanas sampla de na topaicí ar a bhí na gearáin bunaithe:

- síocháin;
- carráiste ocsaigine;
- cúnamh le dul go dtí na saoráidí leithris agus iad ar bord an aerárthaigh;
- carráiste madraí treoracha agus
- tarchur iarratas le haghaidh cúnamh chuig na haerfoirt.

Cuireadh na 12 iniúchadh ar fad maidir leis na gearáin i gcrích.

Tá cúiteamh airgeadais iníoctha faoin Rialachán 1107/2006 nuair a dhéantar damáiste de threalamh luaineachta nó feistis chúnta nó nuair a chailtear iad nuair a bhítear á láimhsiú ag an aerfort nó nuair a bhítear á n-iompar ar bord aerárthaigh. Dá bhrí sin, maidir le gach cineál eile gearáin, braithfidh an cineál réitigh a dhéanfar ar nádúr beacht na ceiste a tháinig chun cinn agus cibé acu ar measadh gur sáraíodh an Rialachán nó nár measadh.

Faoi mar a luadh cheana, fuair an Coimisiún dhá ghearán i ndáil le cúnamh a sholáthair comhlachtaí bainistíochta aerfoirt in 2009. Bhain an chéad cheann de na gearáin sin le cáilíocht an trealaimh a úsáideadh le cuidiú le daoine faoi mhíchumas luaineachta. Bhain an dara ceann le polasaithe ar úsáid trealaimh. Cuireadh an dá cheann de na gearáin sin i gcrích chomh maith.

Gníomhaíochtaí bainteacha

Mar an chomhlacht forfheidhmithe náisiúnta do Rialachán 1107, ceanglaítear ar an gCoimisiún fosta a bheith rannpháirteach lena chontrapháirteanna sna Ballstáit eile agus leis na gCoimisiún Eorpach ar mhaithe le léirmhíniú aontaithe ar na forálacha sa reachtaíocht agus ar chur i bhfeidhm comhchuibhithe ina leith. Ina theannta sin, toisc go bhfuil an chuma go dtagann cuid de na hoibleagáidí sa Rialachán salach ar ghnéithe reachtaíocht sábháilteachta a bhí ann cheana, tá na cruinnithe seo ríthábhachtach i gcinneadh a dhéanamh ar cá háit a dtabharfar tosaíocht do Rialachán 1107 agus cá háit a dtabharfar é i reachtaíocht eile.

Tobhach PRM ag aerfort Bhaile Átha Cliath

Lean anailís an Choimisiún ar an gconspóid faoi thobhach PRM a tháinig chun cinn in 2008 ar aghaidh ar feadh cuid mhaith de 2009. D’ainneoin gur léirigh na páirtithe ábhartha go raibh siad ag iarraidh an deacracht a réiteach ina n-iarratais chuig an Oifig seo de bhun CN5/2008, ní dhearnadh dul chun cinn suntasach ar bith sa chéad leath de 2009. Mar thoradh air sin, bhí sé d’oibleagáid ar an gCoimisiún a ról mar an údarás iniúil le haghaidh Airteagal 8 a dhéanamh agus a chinneadh an raibh an muirear de €0.33 a bhí á ghearradh ag aerfort Bhaile Átha Cliath ag cloí le hAirteagal 8 (4) den Rialachán nó nach raibh. Ag cur na bhfíricí uile san áireamh, cheap an Coimisiún go raibh an muirear ag cloí leis an Rialachán agus gur cheart é a choinneáil. Tá cinneadh an Choimisiún leagtha amach in CN1/2009. Leanann an Coimisiún den aerfort agus de na haerlínte a spreagadh le bheith rannpháirteach go cuiditheach leis an gceist ar chostais sula socraítear muirear ar bith amach anseo.

Iniúchtaí

Rinne an Coimisiún 11 iniúchadh ag na naoi aerfort Éireannacha in 2009. Rinneadh cuid acu seo ag tús na bliana, a thug sraith de chuaipteanna a thosaigh in 2008 chun críche. Cuireadh babhta eile d’iniúchtaí i gcrích i gceathrú ráithe 2009. Is é cuspóir na n-iniúchtaí seo ná an dul chun cinn d’oibreacha ar bith a thosaigh na comhlachtaí bainistíochta aerfoirt in 2008 a bhraith ag féachaint do chomhlíonadh iomlán an Rialacháin a thabhairt i gcrích. Sholáthair na hiniúchtaí deis chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhlíonadh ar an talamh ag na comhlachtaí seo nó comhlachtaí ar bith a bhí ar conradh acu chun críche cúnamh a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas luaineachta nó faoi mhíchumas.

Feasacht a Mhéadú

Tá an Coimisiún aireach ar go bhfuil feasacht an phobail ar an Rialachán agus na cearta agus na teidlíochtaí a thugann sé do dhaoine faoi mhíchumas luaineachta nó faoi mhíchumas a chur chun ceann mar cheann dá fheidhmeanna faoi Rialachán seo. D’óstáil an Coimisiún seastán eolais ag Taispeántas Holiday World a tionóladh san RDS i mí Eanáir 2009. Scaip sé cártaí eolais agus d’fhreagair sé ar fhiosruithe agus chuir sé eolas ar fáil do bhaill an phobail i dtimpeallacht neamhfhoirmiúil agus chairdiúil. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an ghníomhaíocht seo a dhéanamh arís in 2010.

Tástáil ar Inrochtaineacht ar an Láithreán Gréasáin

D'fhostaigh an Coimisiún an Chomhairle Náisiúnta do na Daill le tástáil úsáideoirí a dhéanamh ar a láithreán gréasáin i mí an Mhárta 2009. Nuair a bhí an tástáil curtha i gcrích, rinneadh athruithe ar bith a raibh gá leo lena chinntiú go raibh láithreán gréasáin an Choimisiúin inrochtana d'úsáideoirí faoi mhíchumas. Baineann láithreán gréasáin an Choimisiúin na caighdeáin don "Tionscnamh um Inrochtaineacht ar an Láithreán Gréasáin" (WAI) amach anois.

Clár Oibre do 2010

Sprioc	Gníomhartha leis an sprioc a bhaint amach
<p>Leanúint dá chinntiú go gcuirtear Rialachán CE 1107 i bhfeidhm mar is cú in Éirinn</p>	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Déileáil le gearáin ar bith faoi Airteagal 15 den Rialachán. ➤ Oibriú le comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta eile d'fhonn cur chuige comhsheasmach ar láimhsiú gearán ar fud na mballstát uile a chinntiú ➤ Soiléiriú a lorg ag leibhéal an AE i ndáil leis na gnéithe sin den rialachán a bhfuil an chuma ann go dtagann siad salach ar gnéithe rialachán sábháilteachta náisiúnta a bhí ann cheana – cén rialachán ag a bhfuil tosaíocht?
<p>A chinntiú go gcloíonn aerlínte agus aerlínte leis an Rialachán</p>	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Iniúchtaí leanúnacha a dhéanamh ar an naoi n-aerfort Éireannacha ar fad. ➤ Bheith rannpháirteach le hiompróirí atá ceadúnaithe sa Stát maidir leis na srianta sábháilteachta a bhaineann le gach ceann i dtéarmaí a dTeastas Aer-Oibritheora, agus maidir leis an oiliúint ar mhíchumas, chomhionannais agus fheasacht a rinne gach duine acu.
<p>Feasacht an phobail ar na cearta a thugann an Rialachán a mhéadú.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Leanúint d'idirchaidreamh a dhéanamh leis an gCoimisiún Eorpach, comhlachtaí forfheidhmithe eile agus grúpaí um chearta tomhaltóirí lena chinntiú go ndéantar faisnéis chruinn ar chearta agus theidlíochtaí daoine faoi mhíchumas luaineachta agus faoi mhíchumas agus iad ag taisteal trí aerthaisteal a chur ar fáil don phobal.

FEIDHMEANNA RIARACHÁIN AGUS DLÍTHIÚLA

Acmhainní Daonna

Tá sé ríthábhachtach do chumas an Choimisiúin sainfhoireann d'ardchaighdeán agus iad a choinneáil lena chuspóirí rialála a bhaint amach. Cé go gcuirtear na príomhchinntí straitéiseacha AD i gcrích go himmheánach, déantar feidhmeanna AD riaracháin neamhlárnacha áirithe, cosúil le párolla a fhoinsiú allamuigh chuig cuideachtaí seachtracha.

Chuimsigh gníomhaíocht earcaíochta le linn 2009 folúntas le haghaidh cuntasóir Coimisiúin, mar chlúdach máithreachais, agus foireann de suas le sé bhall foirne riaracháin shealadacha a eagrú le déileáil leis na héilimh agus leis na costais aisdiúchithe a d'éascair as an líon mór de ghnóthais trádála taistil a loic in 2008 agus 2009. Déantar foireann a riarann iarratais ar éilimh a earcú ar bhonn gníomhaireachta, agus íocann banna na cuideachta loicthe ábhartha na costais a bhaineann leis sin, nó i gcásanna nár leor an banna leis na costais a chlúdach, íoctar iad tríd an gCiste Cosanta Taistealaithe. Ní áirítear an fhoireann seo ar líon soláthair foirne an Choimisiúin don bhliain dá bhrí sin. Ba ionann líon soláthair foirne an Choimisiúin in 2009 agus 20. Áiríodh ar an bhfigiúr seo ceithre bhall foirne ar iasacht ón Roinn Iompair agus ball foirne amháin ar iasacht ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Socraítear leibhéal tuarastail fhoireann an Choimisiúin go lárnach agus ní dhéantar athruithe ar bith seachas incrimintí bliantúla agus athbhreithnithe pá, más infheidhme, ach le cead ó na hAirí Iompair agus Airgeadais. Déantar costais tuarastail foirne ar iasacht a aisíoc ag costas móide muirear socraithe le haghaidh seirbhísí aoisliúntais agus seirbhísí a sholáthraítear go lárnach. Tá sé d'oibleagáid ar bhaill foirne lánaimseartha an Choimisiúin (.i. gan foireann ghníomhaireachta a áireamh) dul isteach i scéim pinsean an Choimisiúin. Is scéim eatramhach í an scéim a bhfuil faomhadh ina leith le fáil ó na Coimisinéirí Ioncaim fós. Leanann an Coimisiún ag feitheamh ar fhaomhadh foirmiúil fós ón Roinn Airgeadais i ndáil leis na dréacht-scéimeanna aoisliúntais reachtúla a cuireadh isteach i mí Iúil 2002. Soláthraíonn an scéim eatramhach do shochair atá inchomparáide go díreach leis an scéim shubstaintiúil arna cuireadh isteach. Léiríonn athbhreithniú achtúireach ar na dliteanais phinsin easnamh sa scéim in 2009, cé go raibh sé níos ísle ná an t-

easnamh a breathnaíodh in 2008, €51,020 i gcoinne €261,698. Tá an Coimisiún ag súil le €88,370 a ranníoc leis an scéim pinsean in 2010.

In 2009, lean an Coimisiún dá pholasaí ar fheidhmeanna riaracháin neamhlárnacha a fhoinsiú allamuigh maidir le caidreamh na meán, cothabháil an chórais TF (lena n-áirítear óstáil ghréasáin) agus párolla. Mar a léiríodh sa Chaibidil ar - "Rialú Praghsanna - choinnigh an Coimisiún sainchomhairleoirí le comhairle a thabhairt dó ar ghnéithe Chinneadh 2009.

Straitéisí riaracháin le feabhas a chur ar éifeachtacht

Ag forbairt ar rath an láithreáin ghréasáin úir a lainseáladh in 2008, in 2009, chuir an Coimisiún tús le tionscadal le próiseas iarratas ar cheadúnais bunaithe go hiomlán ar an ngréasán a fhorbairt, a dhéanfadh bailiú réidh de shonraí cuntasáiochta cuideachta a chumasú fosta. I mí Mheán Fómhair 2009, lainseáil an Coimisiún a chóras iarratas gréasánbhunaithe le haghaidh ceadúnú trádála taistil. D'úsáid líon mór de chuideachtaí a chur iarratas isteach ar cheadúnas le linn bhabhta ceadúnaithe mhí Dheireadh Fómhair 2009 an córas. D'úsáideadh aiseolas ar an gcóras úr mar bhonn le feabhas a chur ar an gcóras lena úsáid le linn bhabhta ceadúnaithe mhí an Mhárta 2010.

Tá an Coimisiún ag obair faoi láthair ar an gcóras ceadúnaithe ar líne a fhorleathnú le hiarratais ceadúnais sa réimse um cheadúnaithe aerlínte a chur san áireamh. Rachaidh an córas forleathnaithe amach go hiomlán beo in 2010.

I gcomhar leis an tionscadal um cheadúnú ar líne, tá foirm iarratais gearán ar líne á forbairt ag an gCoimisiún laistigh den chóras foriomlán céanna. Tá dhá chuspóir ag an gcóras: ar an gcéad dul síos, an dóigh ar féidir le custaiméirí gearán a chur isteach a shruthlíniú. Ar an dara dul síos, táthar ag súil go gceadóidh an córas úr éifeachtachtaí laistigh den Choimisiún chomh maith. Eascróidh na héifeachtachtaí seo as roinnt foinsí, go sonrath trí fhiosruithe a scagadh go huathoibríoch ag céim luath go dtí na cinn a léiríonn fíorshárú ar an Rialachán CE, agus na cinn nach fíorsháraíonn é. Faoi láthair, tá thart ar 40% de ghearáin á gcur isteach chuig an gCoimisiún trí ríomhphost, agus an chuid eile á gcur isteach idir fiosruithe teileafóin agus fiosruithe poist. Is iad na pleananna reatha ná an córas gearán ar líne a chur 'beo' in 2010.

Trédhearcacht agus Saoirse Faisnéise

Tá sí d'aidhm ag an gCoimisiún oibriú ar mhodh trédhearcach. Tá na páipéir chomhairliúcháin uile, na doiciméid tacaíochta uile agus na cinntí rialála uile foilsithe ar láithreán gréasáin an Choimisiúin, agus tá cruachóipeanna le fáil gan costas breise ar bith. Tá liosta d'fhoilseacháin an Choimisiúin in 2009 ar fáil in Aguisín 1.

Chomh maith lena dhoiciméid rialála a fhoilsiú ar a láithreán gréasáin, áirítear ar láithreán gréasáin an Choimisiúin, www.aviationreg.ie, líon mór de dhoiciméid reatha agus cartlannaithe, cosúil leis na cinn seo a leanas:

- doiciméid reachtaíochta a chlúdaíonn róil rialála uile an Choimisiúin
- liosta de phreasráitis agus ailt nuachta an Choimisiúin
- cairt chustaiméirí an Choimisiúin (Cairt Chustaiméirí)
- Tuarascálacha Bhliantúla an Choimisiúin
- buiséid bhliantúla
- ráitis airgeadais bhliantúla
- faisnéis ar an tobhach bliantúil

Le linn 2009, fuair an Coimisiún 3 iarratas le haghaidh faisnéise faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Déileáladh le hiarratas amháin go neamhfhoirmiúil de bharr a nádúir. Deonaíodh na hiarratas eile beirt go páirteach,

Coiste Iniúchta

Bhuail an Coiste Iniúchta le chéile 4 huairé in 2009. Ag gach cruinniú cuireadh mionteagasc ar an gCoiste ar an dul chun cinn laistigh den Choimisiún i ndáil leis na sraitheanna oibre éagsúla. D'fhreastail an Choimisinéir gach de na cruinnithe seo le comhairle a thabhairt don Choimisiún ar mhórfhorbairtí corparáideacha. D'fhreastail foireann de chuid an Choimisiúin a dhéileáladh le cúrsaí dlí, riaracháin agus cuntasaíochta ar chruinnithe fosta lena gcuid oibre a phlé. D'fhreastail ionadaithe d'Iniúcháirí Inmheánacha an Choimisiúin ar na gnéithe sin de gach cruinniú a bhí oiriúnach dá bhfreagrachtaí.

In 2009, ba iad na príomhcheisteanna ar dhírigh an Coiste orthu ná:

- athbhreithniú ar na gclárú rioscaí
- athbhreithniú ar phróiseas ceadúnaithe an Choimisiúin
- leorgacht na Rialuithe Airgeadais Inmheánacha
- athbhreithniú ar shlándáil IT agus ionracas sonraí
- nuashonruithe ar imeachtaí Trádála Taistil, go háirithe loiceadh ar bith a tharla le linn na bliana

Oibleagáidí Riaracháin

Tá sí d'aidhm ag an gCoimisiún gach iarracht a dhéanamh le hoibriú ar na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach. Leagann Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit na Roinne Airgeadais ⁸ roinnt de threoracha amach a dhíríonn ar dhea-rialachas a chur chun cinn. De bharr nádúr na ngníomhaíochtaí, mar aon le struchtúr an Choimisiúin féin, ní bhaineann gnéithe áirithe den Chód Cleachtais go díreach leis an gCoimisiún. Déanann an tábla thíos achoimre ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin maidir le Cód Cleachtais na Roinne Airgeadais.

⁸ <http://www.finance.gov.ie/documents/guidelines/codepractstatebod09.pdf>

Cód Iompair an Choimisiúin	<p>Cheap an Coimisiún <i>Lámhleabhar Fostaithe</i> a leagan amach ionchais an fhostóra ón bhfoireann maidir le hiompar eitneach agus comhlíonadh polasaithe iompair agus coinníollacha fostaíochta.</p> <p>Tá foireann ar iasacht ón Roinn Iompair faoi réir ag <i>Cóid Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse</i>.</p>
Iniúchadh Inmheánach	<p>Ceapann an Coimisiún gnóthas seachtrach d’iniúcháirí lena fheidhm iniúchta inmheánaigh a chur i gcrích.</p> <p>I ndiaidh próiseas tairisceana oscailte in 2007, roghnaíodh Mazars mar iniúcháirí inmheánacha an Choimisiúin.</p> <p>I mí an Mheithimh 2009, rinne Mazars iniúchadh inmheánach, ag díriú ar phróiseas ceadúnaithe an Choimisiúin.</p> <p>I mí na Nollag 2009, rinne Mazars iniúchadh inmheánach ar an Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais.</p> <p>Chinn na tuarascálacha seo, ar a d’fhéach an Coimisiún, Ceannairí na Feidhme agus an Coiste Iniúchta, gur chuir bainistíocht an Choimisiúin próisis agus nósanna imeachta rialaithe i bhfeidhm a chuir le próiseas rialachais trédhearcach agus cuntasach.</p>
Soláthar	<p>Chloígh nósanna imeachta soláthair an Choimisiúin le treoirlínte agus teoracha náisiúnta agus, más infheidhme, le treoirlínte agus teoracha an CE. Is iad treoirlínte náisiúnta a bhíonn i bhfeidhm de bharr luach thromlach na gconarthaí.</p>
Diúscairt sócmhainní agus rochtain ag tríú páirtithe ar shócmhainní	<p>Níl sócmhainní ar bith ag an gCoimisiún den scála agus den luach a beartaíodh faoi na treoirlínte (€150,000). Ní raibh diúscairtí sócmhainní ar bith ann le linn 2009.</p>
Éagsúlú	<p>Sa Roinn Airgeadais tagraíonn <i>Cód Cleachtais “Éagsúlú”</i> do ghníomhartha a dhéanann an comhlacht stáit le scóip scála na ngníomhaíochtaí ina bhfuil sé rannpháirteach a laghdú/mhéadú, cosúil le trí fhochuideachtaí nó trí éadalacha a bhunú.</p> <p>Ní dhearna an Coimisiún moltaí éagsúlaithe ar bith leis an Aire in 2009.</p>
Luacháil Infheistíochta	<p>Tá an Coimisiún eolas faoi na <i>Treoirlínte maidir le Breithmheas agus Bainistíocht na Moltaí ar Chaiteachas Caipitil san Earnáil Phoiblí</i>, arna bhfoilsíú ag an Roinn in 2005.</p> <p>Níor thabhaigh an Coimisiún caiteachas caipitil suntasach ar bith in 2005, a tháinig laistigh den scóip gníomhaíochtaí a beartaítear sna treoirlínte ar <i>Bhreithmheas Infheistíochta</i>. Bhí an caiteachas caipitil ar fad níos lú ná €0.5m.</p>

Luach saothair na bainistíochta sinsearaí agus táillí an stiúrthóra	Féach ar an rannán <i>Acmhainní Daonna</i> den chaibidil seo le haghaidh eolais sa réimse seo.
Socrúithe tuairiscithe	<p>Déanann an Coimisiún tuarascálacha dá leithéidí chuig an Aire Iompair mar a fhorordaítear sin faoin dlí más gá. Tá córas cuntasáíochta lánfhorbartha ag an gCoimisiún, a sholáthraíonn miontuarascálacha míosúla bainistíochta agus airgeadais chuig an mbainistíocht shinsearach. Glacann an Coimisiún Caighdeáin Tuairiscithe Idirnáisiúnta dá thuairisciú. Ríomhann sé a chuntais ar an gcóras cuntasáíochta fabhráithe ach amháin má shonraítear é sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na ráitis seo, faoi mar a ordaítear é san Acht Eitlíochta 2001.</p> <p>Tá bearta i bhfeidhm ag an gCoimisiún le cloí leis an oibleagáid leabhair cuntais chuí a choinneáil. Coinnítear iad seo ag a oifig amháin.</p>
Pleanáil straitéiseach agus chorparáideach	<p>Tá feidhmeanna agus freagrachtaí an Choimisiúin leagtha amach san Acht Eitlíochta 2001, Acht na nAerfort Stáit 2204 agus san Acht Eitlíochta 2006.</p> <p>Leagann an Coimisiún plean oibre amach gach bliain le haghaidh gach réimse feidhmiúil, a dheartar lena n-oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh agus le cuspóirí an Choimisiúin a bhaint amach. Tuairiscíonn an Coimisiún gach bliain don Aire Iompair ar an dóigh a rinneadh na feidhmeanna sin a tharmligean n bhliain roimhe sin.</p>
Comhlíonadh cánach	Tá an Coimisiún faoi dliteanas ÍMAT, CBL AGUS PSWT. Tá na foirmeacha cánach ábhartha uile do 2009 curtha isteach ag an gCoimisiún agus cloíonn sé go hiomlán.

FAISNÉIS AIRGEADAIS

Tá na costais dhlíthiúla ina spreagthach suntasach fós ar bhuiséad an Choimisiúin. Tá na costais a bhaineann le achomhairc agus dúshláin a chosaint sa chéadchéim i dtobhach an Choimisiúin ar an tionscal. Nuair a éiríonn le cosaint, faightear na costais dhlíthiúla sheachtracha ar ais ón bpáirtí eile sa chás (cé nach n-íocann siad costais intí an Choimisiúin). In 2009, fuair an Coimisiún €130,000 ar ais i ndáil le cásanna Ryanair a éisteadh in 2008.

Tobhach

Forálann Alt 23 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, go bhféadfadh an Coimisiún rialacháin a ghearrann tobhach lena chostais agus lena chaiteachais oibriúcháin mheasta a ghlanadh ach gan iad a shárú chun críche caiteachas a thabhaigh an Coimisiún go cuí i gcomhlíonadh a fheidhmeanna faoin Acht a ghlanadh. Tá an tobhach iníoctha ag ranguithe de ghnóthais a d'fhéadfadh an Coimisiún a shonrú.

Rinneadh rialacháin dar teideal "Rialacháin an Achta um Rialáil Eitlíochta, 2001 (Tobhach Uimh. 10) 2009/2 (I.R. Uimh. 535 de 2009) ar an 17 Nollaig le héifeacht a thabhairt do Thobhach an Choimisiúin do 2010.

Ráitis Airgeadais 2008

Le linn 2009, rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste na ráitis 2008 a iniúchadh agus cuireadh isteach chuig an Aire iad le cur faoi bhráid thithe an Oireachtais, mar a éilítear faoi Alt 26(b) den Acht Eitlíochta, 2001. Leagfar na cuntais seo faoi bhráid ar 6 Deireadh Fómhair 2009, agus tá siad ar fáil ó láithreán gréasáin an Choimisiúin.

Dréacht-Ráitis Airgeadais 2009

Rinneadh ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 a ullmhú, ach níl siad iniúchta fós ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Tá sliocht as na ráitis sin le fáil ar na leathanaigh seo a leanas.

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta, cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

	Notaí	2009 €, total	2008 €, total
Income			
Fáltas Tobhaigh	2	4,230,849	4,085,175
Táillí Ceadúnais	2	246,650	401,196
Eile	2	168,973	186,425
Oll-Ioncam		4,646,472	4,672,796
Aistriú (go)/ó C(h)untas Caipitil	10	11,923	(26,780)
Glan-Ioncam		4,658,395	4,646,016
Caiteachas			
Tuarastail	4	1,774,505	1,732,349
Costais Phinsin	11	118,884	98,916
Comhairleacht		484,809	43,860
Táillí Díl		619,287	638,219
Fógraíocht & Caidreamh Poiblí		120,871	133,273
Taisteal & Liúntas Cothaithe		7,013	17,171
Comhdhála		12,981	21,663
Oiliúint & Earcaíocht		29,181	40,476
Táille Iniúchta		13,200	13,200
Cuntasaíocht		23,915	28,346
Cothabháil an Ghréasáin		26,387	23,912
Cíos		284,850	284,927
Glantachán		15,229	13,524
Leictreachas		10,852	12,241
Cothabháil na hOifige		5,443	7,991
Árachas		54,930	64,376
Páipéarachas Oifige		17,606	21,255
Postas & Iompras		5,765	6,322
Teileafón		25,470	18,979
Éascú Sceideal		299,189	298,265
Dímheas		20,434	20,134
Muirear Seirbhíse		41,620	42,713
Rátaí		33,677	32,602
Costais Stórála		9,302	7,536
Eile		21,321	21,328
		4,076,721	3,643,578
Barrachas Oibríthe	15	581,674	1,002,438
Iarmhéid amhail at 1 Eanáir		636,228	(366,210)
Iarmhéid amhail 31 Nollaig		1,217,902	636,228

DRAFT

Tá an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 19 mar chuid lárnach de na Ráitis Airgeadais seo

Cathal Guiomard

Cathal Guiomard
Coimisinéir

Dáta 05 Márta, 2010

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta, an Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Cailíteanais Aitheanta Iomlána don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

DRAFT

	Nótaí	Deireadh bliana 31/12/2009	Deireadh bliana 31/12/ 2008
Barrachas oibrithe		581,674	1,002,438
Gnóthachan/(cailíteanais) achtúireach aitheanta in STRGL	11	230,837	26,415
Gnóthachain Aitheanta Iomlána a bhaineann leis an mBliain Airgeadais		812,511	1,028,853

Tá an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 19 mar chuid lárnach de na Ráitis Airgeadais seo.

Cathal Guiomard

Cathal Guiomard
Coimisinéir

Dáta 05 Márta, 2010

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta, an Clár Comhardaithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

	Notaí	2009	2008
		€	€
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Inláimhsithe	5	57,129	69,052
Sócmhainní Reatha			
Cuntais Bhainc	6	25,815,806	28,381,869
Fiachóirí agus Réamhíocaíochtaí	7	964,695	<u>1,166,511</u>
		26,780,501	29,548,380
Creidiúnaithe : Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin			
Creidiúnaithe agus Fabhrúithe	8	(562,039)	(848,182)
Cuntais Bhannaí Airgid	6	(23,942,917)	<u>(27,511,526)</u>
		(24,504,956)	(28,359,708)
Glansócmhainní Reatha		2,275,545	<u>1,188,672</u>
Sócmhainní Iomlána Lúide Dlíteanais Reatha		2,332,674	1,257,724
Forálacha le haghaidh Dlíteanas agus Muirear		(1,065,430)	<u>(580,391)</u>
Glansócmhainní gan Dlíteanas Pinsin a Áireamh		1,267,244	677,333
Glandlíteanas Pinsin		(51,020)	(261,697)
Glansócmhainní lena n-áirítear Dlíteanas Pinsin		1,216,224	415,636
Maoinithe Ag			
Barrachas an Chuntais Ioncaim & Caiteachais		1,217,902	636,228
Cuntas Caipitil	8	57,129	69,052
Cúlchiste Pinsin		(58,807)	(289,644)
Cúlchistí lena n-áirítear Dlíteanas Pinsin		1,216,224	415,636

Tá an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 19 mar chuid lárnach de na Ráitis Airgeadais seo.

Cathal Guiomard

Cathal Guiomard, Coimisinéir

Dáta 05 Márta, 2010

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta, an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

	Nótaí	2009 €	2008 €
Réiteach barrachas oibriúcháin chuig glan-insreabhadh airgid / (glan-eis-sreabhadh) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Barrachas/(Easnamh) ar Ioncam agus Caiteachas		581,674	1,002,438
Coigeartú do mhír neamhairgid		20,160	19,933
Dímheas	5	20,434	20,134
Úis Bainc		(8,023)	(16,629)
Aistriú (ó)/go C(h)untas Caipitil		(11,923)	26,780
Aistriú (ó)/go C(h)untas Caipitil	7	219,132	(154,288)
Laghdú/(Méadú) i bhFiachóirí	7	(17,316)	19,816
Laghdú/(Méadú) i Réamhíocaíochtaí	8	(71,769)	231,986
(Laghdú)/Méadú i gCreidiúnaithe	8	(214,374)	52,668
(Laghdú)/Méadú i bhFabhruithe	9	485,039	(664,609)
Insreabhadh Airgid / (Glan-eis-sreabhadh) ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		1,003,034	538,229
Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid			
Insreabhadh Airgid / (Glan-eis-sreabhadh) ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		1,003,034	538,229
Torthaí ar Infheistíochtaí			
Ús Bainc		8,023	16,629
Caiteachas Caipitil			
Ceannach Sócmhainní Seasta	5	(8,511)	(46,917)
Maoiniú			
Méadú i gCuntais Bhannaí Bainc &TPF	6	(3,568,609)	12,299,562
Bainistíocht Acmhainní Leachta			
Méadú i gCistí atá i dTaisce	6	(1,009,808)	(718,298)
Méadú/(Laghdú) in Iarmhéideanna Airgid Thirim		(3,575,871)	12,089,205
Réiteach glan-sreabhadh airgid chuig gluaiseachtaí i nglanchistí			
Méadú/(Laghdú) in airgead ar láimh sa tréimhse		(3,575,871)	12,089,205
Airgead a úsáideadh le hacmhainní leachta a mhéadú	6	1,009,808	718,298
Athrú i nGlanchistí		(2,566,063)	12,807,503
Glanchistí Tosaigh		28,381,869	15,574,366
Glanchistí Deiridh		25,815,806	28,381,869

Tá an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 19 mar chuid lárnach de na Ráitis Airgeadais seo.

Cathal Guiomard

Cathal Guiomard,
Coimisinéir

Dáta 05 Márta, 2010

Aguisín 1 – Páipéir an Choimisiúin in 2009

7 Eanáir 2009	CP1/2009 Comhairliúchán ar chinntí Phainéal Achomhairc 2008
23 Feabhra 2009	CP2/2009 Cinneadh ón gCoimisiún a tharchuir Painéal Achomhairc 2008 chuige
18 Meitheamh 2009	CP3/2009 Dréacht-Chinneadh ar uasleibhéal na muirear aerfoirt ag aerfort Bhaile Átha Cliath
1 Iúil 2009	Tuarascáil ar Ghearáin Cearta Paisinéirí don Bhliain dar Chríoch 31/12/2008
23 Iúil 2009	CP5/2009 Ráiteas um chomhlíonadh ar leibhéal na muirear um sheirbhísí teirminéil eitlíochta do na blianta rialála: 26 Márta 2007 – 31 Nollaig 2007 agus 1 Eanáir 2008 – 31 Nollaig 2008.
27 Lúnasa 2009	CN1/2009 Fógra ar Mhuirir PRM ag aerfort Bhaile Átha Cliath
30 Deireadh Fómhair 2009	Tuarascáil ar Ghearáin Cearta Paisinéirí don Tréimhse 01/01/2009 – 30/06/2009.
6 Samhain 2009	CN2/2009 Fógra foilsithe de thuarascáil chomhairliúcháin ar chostais oibriúcháin T2 agus Threoir Aireachta
CP4/2009 4 Nollaig 2009	CP4/2009 Cinneadh Deiridh ar uasleibhéal na muirear aerfoirt ag aerfort Bhaile Átha Cliath .